

# Sláinte na mBan

## Plean Gníomhaíochta 2022—2023

Éist.  
Infheistiú.  
Soláthar.



### **Nóta faoin teanga a úsáidtear sa phlean gníomhaíochta seo:**

Úsáideann an Plean Gníomhaíochta seo an focal “muid” chun tagairt a dhéanamh don Rialtas agus go háirithe don earnáil sláinte. Léiríonn sé an chomhpháirtíocht a theastaíonn idir an Roinn Sláinte, a gníomhaireachtaí - go háirithe Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus eagraíochtaí ar fud na hearnála chun an Plean Gníomhaíochta seo a chur i bhfeidhm.

Nuair a luaimid an focal “mná” is í an chiall is cuimsithí den fhocal ata i gceist. Úsáidtear é mar ghearrscríobh chun cur síos a dhéanamh orthu siúd go léir a fhéinaithníonn mar mhná agus orthu siúd nach bhféinaithníonn mar mhná ach a roinneann réaltachtaí agus eispéiris bhitheolaíocha na mban. Agus an téarma seo á úsáid againn, déanaimid iarracht daoine a chuimsiú seachas iad a eisiamh. Níl i gceist le húsáid inscne mar bhonn eolais do bheartas sláinte ach bealach amháin chun seirbhísí sláinte níos spriocdhírthe, níos pearsantaithe a chruthú do gach duine in Éirinn.

Geallaimid go gcoinneoidimid ár dteanga faoi athbhreithniú leanúnach ionas go bhfeiceann iad siúd go léir lena mbaineann an plean agus an clár seo go bhfuil siad féin a léiriú inti.

### **Nóta ar na daoine a chuir leis an bPlean Gníomhaíochta seo:**

Is toradh é an Plean Gníomhaíochta seo ar chomhpháirtíocht agus ar chomhoibriú paiseanta an oiread sin daoine. Tá buíochas ar leith ag dul don Tascfhórsa um Shláinte na mBan agus dá chomhaltáí, d'fhoireann na Roinne Sláinte, na Roinne Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Cuimsitheachta agus Óige, d'Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Clár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán, don Institiúid um Shláinte Poiblí, don Institiúid Eorpach um Shláinte na mBan, do Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann, agus Comhairle Náisiúnta na mBan. Go háirithe is toradh é ar an bhfís agus ar an léargas roinnte ag mná, ag a gcuid pléadálaithe agus ag gairmithe sláinte na mban a oibríonn chun tacú leo.

---

# Clár ábhair

---

<b>Brollach an Aire</b>	<b>3</b>
<b>Achoimre</b>	<b>4</b>
<b>Tionchar</b>	<b>8</b>
<b>Cad a athróidh in 2022?</b>	<b>10</b>
<b>Tionchar</b>	<b>12</b>
<b>Cur Chuige</b>	<b>17</b>
<b>Gníomhartha</b>	<b>19</b>
<b>Éist.</b>	
Gníomh 1	21
<b>Infheistigh.</b>	
Gníomh 2	24
Gníomh 3	25
<b>Soláthair.</b>	
Gníomh 4	28
Gníomh 5	29
Gníomh 6	30
Gníomh 7	31
Gníomh 8	32
Gníomh 9	35
Gníomh 10	36
<b>Léargais</b>	<b>39</b>
<b>Fondúireachtaí Ratha</b>	<b>42</b>
<b>Cur i bhfeidhm</b>	<b>46</b>
<b>Uaillmhian</b>	<b>51</b>
<b>Urraíocht</b>	<b>52</b>

---



**Éist.**  
**Infheistigh.**  
**Soláthair.**

# Brollach an Aire



Tá lúcháir orm ár **bPlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan** do 2022 a chur i bhur láthair. Tá feabhas a chur ar sheirbhísí sláinte do mhná in Éirinn mar phríomhthosaíocht domsa mar Aire. Sin an fáth gur chinn mé maoiniú tiomnaithe imfhálaithe a chur ar fáil do shaincheistanna um shláinte na mban agus Plean Gníomhaíochta a chur chun cinn.

Tosaíonn agus críochnaíonn an plean trí éisteacht le mná. Is toradh an Phlean Gníomhaíochta seo ar chomhoibriú dlúth ar fud an Rialtais, agus idir comhghleacaithe sa Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an earnáil sláinte i gcoitinne. Bhí ról lárnach ag ionadaithe polaitiúla, ar throid go leor acu ar son chuid de na bearta sa Phlean Gníomhaíochta seo. Bhí ról lárnach ag ár dTascfhórsa um Shláinte na mBan lena chinntiú go n-éistfí leis na guthanna is tábhachtaí ar fad: guthanna na mban. Tá guthanna na mban agus na bpléadálaithe ar son shláinte ban ag gcoilár na ngníomhaíochta seo agus tá siad ríthábhachtach maidir le cad iad na réimsí inar féidir linn níos mó a dhéanamh a chinneadh.

Cuireann cliniceoirí ardoilte agus tiomanta ar fud na hÉireann seirbhísí den scoth ar fáil i gcúram sláinte na mban gach lá. Ach is léir go bhfuil géarghá ann le níos mó seirbhísí, go bhfuil infheistíocht tiomanta ag teastáil, agus go gcaithfidh eispéiris na mban ar chúram sláinte a bheith dearfach i gcónaí.

Tógann an plean seo ar go leor dea-oibre a rinneadh anuraidh, mar shampla, Maoiníodh an Straitéis Náisiúnta Máithreachais go hiomlán den chéad uair in 2021 agus tá sé maoinithe arís i mbliana. Osclaíodh sainchlinicí le haghaidh inmheatróise, meanapáis agus ginéiceolaíocht 'feic agus cóireáil', agus oscófar breis sainchlinicí i mbliana.

Cruthaíonn an plean seo cur chuige straitéiseach i leith chúram sláinte na mban. Aithníonn an plean, é stiúrtha ag ionchur ó mhná ar fud na hÉireann, bearnaí i seirbhísí, feabhsuithe a theastaíonn in eispéiris na mban ar chúram sláinte, grúpaí leochaileacha a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chomh maith le deiseanna taighde agus nuálaíochta nua. Cuireann an plean maoiniú ar fáil do sheirbhísí nua, lena n-áirítear frithghiniúint saor in aisce do mhná idir 17-25 bliana d'aois i mbliana, ar corr cinniúnach suntasach é do mhná óga.

Tá maoiniú imfhálaithe €31m mar bhonn taca ag an bplean, a bhfuil costas bliana iomlán de €48m i gceist leis. Is í an sprioc atá againn leanúint leis an maoiniú seo a mhéadú sna blianta atá romhainn, lena n-áirítear mar shampla frithghiniúint saor in aisce a leathnú chuig níos mó agus níos mó aoisghrúpaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach chun muid a thabhairt go dtí an staid seo – Tascfhórsa Sláinte na mBan, iad siúd a ghlac páirt sa chleachtadh éisteachta radacaí, na hoifigigh agus na cliniceoirí sa Roinn Sláinte agus san FSS, agus go leor eile. Tá gá le réabhlóid maidir le cúram sláinte na mban. Go raibh maith agaibh go léir, tá tús maith curtha leis.

**Stephen Donnelly TD**

# Achoimre

## Feabhsóidh An Plean Gníomhaíochta seo torthaí sláinte agus eispéiris do mhná na hÉireann

Tar éis éisteacht le mná de gach aois agus ó gach cúlra in Éirinn, táimid ag athrú an tslí ina n-oibrímid ar sláinte na mban.

1. Cuirfimid éisteacht le mná i gcroílár ar ceapadh beartais.
2. Déanfaimid infheistíocht i dtosaíochtaí na mban dá sláinte na mBan
3. Rachaimid i mbun gnímh chun na seirbhísí agus na tacaíochtaí sláinte atá ar fáil do mhná agus do chailíní ar fud na tíre a fheabhsú sa ghearrthéarma.

In 2022 mhéadaíomar infheistíocht i bhforbairtí nua um shláinte na mban faoi €31 milliún, le costas bliana €48 milliún ar an iomlán (1). Ciallaíonn an infheistíocht seo go bhfuil an Plean Gníomhaíochta seo maoinithe go hiomlán do 2022. In 2022 déanfaimid infheistíocht:

### In 2022 déanfaimid infheistíocht:

## €8.66 milliún

de mhaoiniú breise don Straitéis Náisiúnta Máithreachais (ag tógáil ar an infheistíocht shuntasach €7.3 milliún in 2021).

## €9 milliún

chun rochtain ar fhrithghiniúint do mhná idir 17-25 bliana d'aois a mhaoiniú (ar chostas bliana iomlán 27 milliún)

## €5.3 milliún

chun rochtain a mhéadú ar:

- clinicí gíniceolaíochta “feic agus cóireáil” (go dtí 20 go náisiúnta);
- sainchlinicí meanapáis (go dtí 4 go náisiúnta); agus
- sainseirbhísí inmheatróise (go dtí 2 go náisiúnta).

## €5 milliún

chun infheistíocht €10 milliún a dhéanamh sa Chiste um Shláinte na mBan d’fhonn tacú le cuir chuige nua nuálacha i leith shláinte na mban ar fud na tíre (léirithe sa Phlean seo).



---

**€1.34 milliún**

chun tacú le bunú tosaigh seirbhís  
ghéiniteach imbhreithe

---

**€0.71 milliún**

chun dul i ngleic le hanás míosta den  
chéad uair.

---

**€0.54 milliún**

chun Sainfhoireann Tacaíochta um  
Theagmhas Cnáimhseachais a bhunú d'fhonn  
tacú le seirbhísí agus suíomhanna a  
thuirscíonn teagmhais mháithreachais  
thromchúiseacha

---

€0.25milliún

ain Aonaid Chóireála Ionsaithe Gnéis.

<sup>1</sup>Leithdháiltear an maoiniú €31 milliún a cuireadh ar fáil do bhearta nua in 2022 ar bhonn athfhillteach. Costais incriminteacha bhearta nua 2022, lena n-áirítear bearta sláinte na mban, ar bhonn bliana iomlán do 2023 nach bhfuil maoinithe fós ach sainaitnítear iad i dTábla 4 de na táblaí Airgeadais laistigh de Plean Seirbhíse Náisiúnta FSS (Aguisín 1). Tá na costais incriminteacha seo le breithniú i gcomhthéacs Mheastachán 2023

## Achoimre ar lean

Tógann an maoiniú seo ar roinnt clár oibre ilbhliantúil atá ar siúl laistigh den chóras sláinte d'fhonn tacú le mná ar fud gach gné de chúram sláinte agus gach céim den saol. Is samplaí iad ár rathúlacht maidir leis an Straitéis Náisiúnta Máithreachais, an Straitéis Náisiúnta Ailse, an Straitéis Sláinte Gnéis, ár gCreat um Éire Shláintiúil a chur i bhfeidhm, dár n-iarrachtaí leanúnacha chun ár straitéisí agus ár mbeartais a fhíorú do na mná a bhfuil gá acu leo.

Tógann an Plean Gníomhaíochta seo ar an mbunchloch sin. Is toradh é ar thréimhse leanúnach idirchaidrimh le gairmithe sláinte ban, le pléadálaithe shláinte na mban agus, níos tábhachtaí fós, le mná ar fud na hÉireann. Cuireann sé tosaíochtaí na mban maidir le sláinte na mban chun cinn: mar shampla, cúram meanapáis, frithghiniúint, tacaí meabhairshláinte, atáirgeadh daonna cuidithe. Agus tús áite á thabhairt ag an am céanna d'fheabhsuithe ar thaithí mná ar chúram sláinte in Éirinn.

Léiríonn ár gcleachtaí éisteachta go dteastaíonn seirbhísí sláinte ó mhná a éistean le comhbhá agus a phléann le mná mar 'saineolaithe trí thaithí'. Léirigh ár gcleachtaí éisteachta freisin go bhfuil an-aird ag ár bhfórsa saothair cúraim sláinte ar shláinte na mban agus go bhfuil siad an-spreagtha chun an cúram agus an eispéireas is fearr is féidir a thabhairt do gach duine. Tacóidh an Plean Gníomhaíochta seo le mná agus le gairmithe cúram sláinte chun seanchonstaicí a shárú agus na cuir chuige nuálaíochta is fearr i leith sláinte na mban a chur chun cinn. Tá a fhios againn gur féidir leis a bheith thar a bheith dúshlánach do mhná atá imeallaithe agus iad ag plé leis an gcóras sláinte. Léiríonn an Plean seo tiomantas soiléir chun athmhachnamh a dhéanamh ar conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do mhná imeallaithe – go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas, atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh shóisialta, agus mná den Lucht Siúil agus na Romach – rochtain a fháil ar chúram sláinte ar bhealaí atá compordach agus áisiúil dóibh.


Tá sé ríthábhachtach go bhfreagraíonn an Plean Gníomhaíochta do mhná. Chun fuinneamh agus oscailteacht do smaointe nua ar an gcaoi a n-oibrímid a chothú, tá tiomantas soiléir geallta againn go dtacóimid le nuálaíocht i gcúram sláinte na mban ar fud an Phlean seo. Tá gníomhartha sa phlean chun a chinntiú go bhfuil Éire ina ceannródaí maidir le sláinte na mban, ag foghlaim ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus ag tógáil ar ár saineolas féin sa bhaile, trí thionscnaimh ar nós an chéad Cheannasaí DG um shláinte na mban.

In 2022, ag oibriú trí na gníomhaíochtaí sa phlean seo agus tacaíthe ag infheistíocht Bhuiséad 2022, feicimid níos mó ban ag baint leasa as an gcúram ceart san áit cheart ag an am ceart. Bainfidimid é seo amach trí:

### Bainfidimid é seo amach trí:

- Chur i gcrích luathaithe ar ár 'gníomhartha ardtosaíochta' – líon beag saincheisteanna sonracha ar thug mná, cliniceoirí agus páirtithe leasmhara tosaíocht dóibh.
- smaointe agus cineálacha cur chuige nua maidir le sláinte na mban a fhiosrú trí shraith gníomhartha 'nuálaíochta'; agus
- dhíriú ar na shaincheisteanna réadúla sláinte a bhíonn ag mná ag céimeanna éagsúla den saol trínár 'gcroíchlár' reatha atá ag leagan na mbunchloch i gcónaí do thorthaí sláinte feabhsaithe do.



**Maoiniú Forbartha Nua do Bhearta Spriocdhírthe i gCúram Sláinte na mBan, €m**

- Déanann an Buiséad Sláinte gach bliain (€21 billiún i gcaiteachas reatha i mBuiséad 2022) foráil do mhaoiniú agus infheistíocht i raon seirbhísí sláinte agus folláine a théann chun sochair fir agus mná ar fud an daonra agus ar fud na tíre (mar shampla seirbhísí máithreachais nó ailse).
- Áirítear cistiú Forbartha Nua mar eilimint amháin den leithdháileadh seo gach bliain (€319 milliún in 2022) agus ceadáíonn sé tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh agus d'fhorbairtí sonracha de bhreis ar an mbunleibhéal maoinithe do chróisheirbhísí.
- Léiríonn an graf seo go bhfuil méadú suntasach tagtha ar mhaoiniú forbartha nua chun tacú le bearta spriocdhírthe i gcúram sláinte na mban ó 2020 go dtí leithdháileadh de €31 milliún i mBuiséad 2022.

**Tá an tionchar inláimhsithe a bheidh ag an bPlean Gníomhaíochta seo ar mhná i mbliana. Léirítear ar leathanaigh 8-15**

**Tá achoimre ar leathanach 17 ar an gcreat nua maidir le tosaíocht a thabhairt do shláinte na mban.**

**Tá achoimre ar leathanach 19 ar na gníomhartha atá mar bhonn faoin gcreat seo.**

# Tionchar

## Bainfidh an Plean Gníomhaíochta seo torthaí inláimhsithe amach i mbliana a dhéanfaidh difríocht do mhná.

Léargas ar roinnt de na rudaí a thacóidh an Plean Gníomhaíochta seo leo in 2022

### Sláinte máithreacha

- Maoiniú iomlán don **Straitéis Náisiúnta Máithreachais**
- **Comhairleoirí lachtaithe** a neadú i ngach aonad máithreachais
- **Seirbhísí meabhairshláinte imbhreithe** a neadú i ngach aonad máithreachais
- An chéad **Aonad Máthreacha agus Leanaí in Éirinn** a chur chun cinn do mháithreacha a dteastaíonn tacaíochtaí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha uathu
- **Foireann tacaíochta um imeachtaí cnáimhseachais** a bhunú chun tacú le teaghlaigh
- An chéad suirbhé ar **mhéala mháithreachais**
- 2 mhol iarbhreithe a fhorbairt

### Sláinte Ghnéis agus Atáirgthe

- **Fritghiniúint saor in aisce** do mhná idir 17-25 bliana d'aois a thabhairt isteach
- 2 **mhol torthúlachta** réigiúnacha nua
- Seirbhísí tástála agus scagthástála STI a leathnú

### Sláinte Ghínéiceolaíoch, Pheilbheach agus Mhíostrá

- 6 **chlinic nua gínéiceolaíochta** 'féach agus cóireáil'
- Seirbhísí gínéiceolaíochta **péidiatraiceacha** agus cúram lasmuigh d'uaireanta gnó a leathnú
- Lárú méadaithe déanta ar mháinliacht um ailse gínéiceolaíoch
- **Amanna feithimh** níos giorra do chúram gínéiceolaíoch
- 2 shainseirbhís **inmheatróise** um chúram casta

### Bearta Níos Leithne um Sháinte Fhisiciúl, Meabhairshláinte agus Fholláine

- 3 shainchlinic **Meanapáis**
- Ceannasaí **Dochtúirí Teaghlaigh** um shláinte na mban
- Roghanna a athbhreithniú le haghaidh **clár cúitimh na vacsaíne HPV**
- Luathbhrath **ailse cíche** a chur chun cinn
- Measúnú riachtanas **BRCA (BREast Cancer gene)** a thabhairt chun críche
- Tionscnaimh **anáis míosta** a rolladh amach trasna 26 Údarás Áitiúil

### Rannpháirtíocht, Taighde agus Nuálaíocht

- Leanúint le hobair **Thascfórsa** um Shláinte na mBan
- Seoladh **Sheachtain Sláinte na mBan**
- €5 milliún breise le haghaidh **nuálaíochtaí nua** (m.sh. ardchleachtas altranais)

### Reachtaíocht Ábhartha

- An Bille um Atáirgeadh Daonna Cuidithe
- An Bille um Chriosanna Rochtana Sábháilte
- An Bille um Shábháilteacht Othar
- Athbhreithniú ar an Acht um Fhoirceannadh Toirchis



# Cad a athróidh in 2022?

## Frithghiniúint

**€9m**

Táimid ag leathnú frithghiniúna saor in aisce do mhná in aois 17–25

## Tréimhse

**26**

Tá Údaráis Áitiúla i gcomhpháirtíocht leis an Roinn chun bearta maolaithe bochtaineachta tréimhsí a rolladh amach den chéad uair i mbliana

## Beathú Cíche

**24**

comhairleoirí lachtaithe breise náisiúnta

## Gínéiceolaíocht

**20**

Clinicí gínéiceolaíochta “Féach agus cóirigh”. sa bhliain 2022

## Neamhoird Itheacháin Moil Torthúlachta

**9**

Feidhmeoidh sainfhoirne neamhord itheacháin go náisiúnta

**6**

moil thorthúlachta réigiúnacha sa bhliain 2022



## Meanapás

**4** clinicí sos míostraithe speisialtóra sa bhliain 2022

## Inmheatróis

**2** Táimid ag cur le seirbhísí speisialaithe endometriosis i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh

## Gínéiceolaíocht Pédiatraiceach

Táimid ag leathnú sainseirbhísí agus cúram lasmuigh d'uaireanta oibre

## Méala Máithreachais

An Chéad Suirbhé ar Eispéireas Méala Máithreachais dá leithéid

## Cúram Príomhúil

Táimid ag ceapadh an chéad Cheannaire LG do Shláinte na mBan



# Tionchar

## Tacóidh sé le raon forbairtí réigiúnacha i seirbhísí sláinte na mban

Is dea-scéal é nach bhfuil muid ag tosú ón tús.

Léiríonn an Plean Gníomhaíochta seo go bhfuil obair shuntasach ar siúl cheana féin i dtaca le seirbhísí agus tacaíochtaí shláinte na mban. Tá go leor de na seirbhísí seo ag feidhmiú agus tá raon ionad agus seirbhísí nua beartaithe do shaolré an Phlean Gníomhaíochta seo.

Mar shampla, faoi dheireadh 2022 beidh mná ar fud na hÉireann tacaíthe ag:

### 6 Mhol torthúlachta réigiúnacha

méadú 4 ó 2020

### 20 clínic gíniceolaíochta siúlach "féach agus cóireáil".

méadú 17 ó 2020, ag tógáil ar na seirbhísí a bhí ann cheana

### 4 chlinic speisialtóireachta meanapáis

méadú de 4 ó 2020, ag tógáil ar sheirbhísí cúraim phríomhúil

### 2 shainseirbhís réigiúnacha inmheatróise um chásanna casta

méadú 2 ó 2020, ag tógáil ar na seirbhísí a bhí ann cheana




## Sláinte na mBan in Éirinn 2022

### Léarscáil léiritheach de sheirbhísí reatha agus pleanáilte

Oibriúcháin Pleanáilte

-   Moil Torthúlachta Réigiúnacha  
(tacú le fir agus mná)
-   Clinicí Gínéiceolaíochta "Féach agus Caitheamh".
-   Ionaid Cóireála Ionsaithe Gnéis  
(tacú le fir agus mná)
-   Sainchlinicí Menopause
-   Seirbhísí Endometriosis Speisialtóra  
Osréigiúnach
-   Seirbhísí Máithreachais
-   Aonaid Scagtha CervicalCheck
-   Seirbhísí Meabhairshláinte Imbheirthe
-  Scagadh BreastCheck



**Nóta:** Tá go leor seirbhísí cúram príomhúil, cúram tánaisteach agus cúram treasach ar fáil do mhná freisin chun tacú le raon réimsí sláinte nach léirítear anseo. Labhair le do sholáthraí cúraim príomhúil sláinte i gcónaí má tá inní ort faoi do shláinte.

# Tionchar


## Tacóidh sé le mná ar fud na tíre ag gach aois agus ag gach trá dá saoil.

Cé nach bhfuil aon dá thuras sláinte mar a chéile, tá cúpla fachtóir 'mór' ann a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar eispéiris agus ar thorthaí sláinte go leor ban feadh a saoil. Cé go gcruthóidh go leor de na gníomhartha sa phlean seo athruithe ar ár gcórais agus ar ár seirbhísí, beidh tionchar díreach ag go leor acu ar mhná a bhfuil fadhbanna sláinte ar leith acu.



## Sláinte na mBan Plean Gníomhaíochta

Saincheisteanna cúrsa saoil a théann i bhfeidhm ar mhná agus na gníomhartha a thugann aghaidh orthu\*



\*Grafach curtha ar an eolas ag sonraí WHO / RCOG



**Éist.**  
**Infheistigh.**  
**Soláthair.**

# Cur Chuige

**Cuimsíonn an Plean Gníomhaíochta seo creat nua chun tosaíocht a thabhairt do shaincheistanna um shláinte na mban agus chun freagairt dóibh de réir mar a thagann siad chun cinn.**



## An creat do shláinte na mban in Éirinn



Gach bliain lorgóimid deiseanna le cloisteáil ó mhná, ó ghairmithe sláinte na mban agus ó phléadálaithe agus úsáidfimid an t-ionchur seo chun beartais agus gníomhartha nua a leagan amach le chéile.



Gach bliain, déanfaimid sláinte na mban a nascadh leis an timthriall Buiséid agus sainaitheoimid cén infheistíocht a theastaíonn chun tacú le cur i bhfeidhm thionscnaimh shláinte nua nó reatha na mban an bhliain dár gcionn.



Cothóimid agus bainisteoimid cur chuige forfheidhmithe clárbhunaithe láidir gach bliain lena chinntiú go mbeidh na huailmhianta maidir le sláinte na mban tacaíthe ag gníomhaíocht.

### Déan arís

Déanfaimid athbhreithniú rialta ar ár ndúil chun cinn agus déanfaimid ár dtiomantas do shláinte na mban a athnuachan gach bliain ag úsáid an chreata seo chun an treo a leagan amach agus chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach.



**Éist.**  
**Infheistigh.**  
**Soláthair.**

# Gníomhartha

**Tugann sé tosaíocht do 10 ngníomh a éistean le tosaíochtaí na mban do shláinte na mban, a dhéanann infheistíocht iontu agus a chuireann i gcrích iad.**



**Éist.**

**1**

Leanfaimid ag éisteacht agus comhpháirtíochta le siúd atá ag pleanáil, ag seachadadh agus a fhaigheann taithí cúraim trí **Thascfhórsa Shláinte na mBan**.



**Infheistigh.**

**2**

Leanfaimid de thionscnaimh 2020/2021 a leabú – **meabhairshláinte na mban, gíniceolaíocht, gníomhaíocht fhisiciúil, agus cúram meanapáis** – lena chinntiú go dtugtar tacaíocht iomlán dóibh agus go gcuirtear i bhfeidhm iad.



**Infheistigh.**

**3**

Déanfaimid infheistíocht i **dtosaíochtaí Bhuiséad 2022** chun ár spriocanna a bhaint amach trí infheistíocht €31m i bhforbairtí nua i sláinte na mban.



**Soláthair.**

**4**

Cuirfimid leis na tacaíochtaí sláinte, na seirbhísí agus an saineolas atá ann do mhná sna réimsí seo a leanas: **frithghiniúint; meanapás; agus gíniceolaíocht**.



**Soláthair.**

**5**

Déanfaimid **eispéiris** na mban ar sheirbhísí sláinte a fheabhsú tríd an gcaoi a gcuirtear cúram ar fáil a athrú.



**Soláthair.**

**6**

Tógfaimid bonn fianaise níos láidre do shláinte na mban in Éirinn trí thaighde cliniúil, acadúil agus feidhmeach ar shláinte na mban a thacú.



**Soláthair.**

**7**

Déanfaimid conas a sheachadtar cúram do mhná a athshamlú trí nuálaíocht i bpríomhréimsí agus trí fhéidearthachtaí do **chuir chuige nua** a léiriú.



**Soláthair.**

**8**

Cuirfimid **ár straitéisí agus ár mbeartais reatha** i bhfeidhm a thacaíonn le sláinte na mban ag gach tráth den saol.



**Soláthair.**

**9**

Beimid freagrúil do **shaincheisteanna a thagann chun cinn** trí bheartais agus freagraí reachtaíochta nua a fhorbairt ar shaincheisteanna shláinte na mban de réir mar a thagann siad chun cinn.



**Soláthair.**

**10**

Oibreimid laistigh dár n-eagraíochtaí chun **na hathruithe** a theastaíonn uainn a fheiceáil ar ár n-earnáil, ár sochaí agus ár ngeilleagar **a shamhaltú agus a threorú**.







# Gníomh 1

## Leanfaimid ag éisteacht agus comhpháirtíochta le siúd atá ag pleanáil, ag seachadadh agus a fhaigheann taitheá cúraim.

### Thascfhórsa Shláinte na mBan

- Léirigh Tascfhórsa Shláinte na mBan an luach a bhaineann le comhpháirtíocht, le comhoibriú agus le tiomantas leanúnach do shláinte na mban.
- Leanfaimid orainn ag obair tríd an Tascfhórsa chun réimsí tosaíochta do shláinte na mban a shainaithint agus chun an leibhéal ceart iniúchta agus tacaíochta seachtraí a chinntiú.
- Neartóimid an cur chuige tríd an bhballraíocht a leathnú agus trí saineolas chliniciúil a leabú
- Leanfaimid ag foilsiú obair uile an Tascfhórsa ar bhonn hoscailte agus trédhearcach.


### Seachtain Shláinte na mBan

- D'athraigh an cleachtadh 'éisteacht radacach' a stiúir an Roinn in 2021 an bealach a théann an Roinn i bplé le mná agus an bealach a théann sí i gcomhairle leo – ag cuimsiú mná sa phróiseas beartais ón tús chun an clár oibre a shocrú.
- Táimid tiomanta an próiseas seo a thógáil ó phróiseas nuálach aonuaire go dtí 'gnó mar is gnách'.
- Ag tosú i mí an 2022, reáchtálfaidh an Roinn Sláinte seachtain thiomanta chun éisteacht le mná, chun machnamh a dhéanamh agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar na réimsí ina bhfuil feabhsúcháin baint amach againn.
- Tabharfaimid cuireadh do mhná agus dá bpléadálaithe páirt a ghlacadh sa phlé, i dtosaíocht a thabhairt, i bhfoghlaim, agus i bpleanáil maidir le conas a oibrímid le chéile chun torthaí shláinte na mban agus eispéiris na mban ar chúram sláinte a fheabhsú.
- Díreimid ar éagsúlacht, ar chomhionannas agus ar chuimsiú.
- Ceiliúrfaimid a bhfuil bainte amach againn agus ar cad is féidir linn a bhaint amach nuair a oibrímid le chéile.

**“A bheith creidte. Is mór an rud é a bheith creidte. A**

**bheith creidte go bhfuil rud éigin fisiciúil cearr leo agus nach ndeirtear rudaí ar nós ‘ah ‘sé d’aois, d’fhéadfá a bheith ag súil go mbeadh na rudaí seo ag tarlú’. ‘Sea is féidir linn a bheith ag súil go mbeidh rudaí ag tarlú, ach ní chiallaíonn sé sin nár cheart tacaíocht a thabhairt dúinn an caighdeán saoil is fearr a bhaint amach agus muid ag dul in aois.’”**

*Rannpháirtí Éisteachta Radacaí, Tuaithe, 45-55*





**Infheistigh.**



# Gníomh 2

## Leanfaimid le tionscnaimh 2020/2021 a leabú chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht iomlán dóibh agus go gcuirfear i bhfeidhm iad.

Tríd an bPlean Gníomhaíochta seo, coimeádfaidh an Roinn fócas ar na tionscnaimh nua tacaithe in 2021 trí Chiste Shláinte na mBan. Is mian linn a chinntiú go mbainfimid ár n-uaimhianta do na cláir seo amach go hiomlán trí chur i bhfeidhm rathúil.

### Ciste Shláinte na mBan 2021

#### In 2021 thug Ciste Sláinte na mBan tosaíocht do:

- Roinnt cleachtaí éisteachta radacaí chun éisteacht le mná faoina sláinte agus faoi chúram sláinte.
- Tacú le mná roimh agus tar éis an mheanapáis: 2021 chuimsigh gníomhaíocht maoiniú don chéad shainchlinic meanapáis san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais agus treoracha faisnéise cliniúla breise laistigh de chúram príomhúil.
- Sláinte pheilbheach agus ghinéiceolaíoch na mban a fheabhsú: i measc na ngníomhaíochtaí bhí: acmhainní a chur ar fáil do phríomhghnéithe foirne do sheirbhísí gíniceolaíochta péidiatraiceacha agus ógánacha, tacú le leathnú amach leanúnach na seirbhísí gíniceolaíochta siúlacha "féach agus cóireáil" pobalbhunaithe, méadú foirne do sheirbhísí sláinte um urlár an pheilbhis agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse inmheatróise.
- Tacaíocht a mhéadú do mhná breacaosta bheith agus fanacht gníomhach go fisiciúil: chuimsigh gníomhaíocht tacú le breis tacaíochtaí gníomhaíochta coirp do mhná breacaosta atá faoi mhíbhuntáiste i gcomhpháirtíocht le Spórt Éireann agus Éire Shláintiúil.
- Tacaíochtaí meabhairshláinte níos fearr do mhná agus do chailíní a phleanáil: chuimsigh gníomhaíocht tacú le hacmhainní breise do shainseirbhísí meabhair-shláinte imbhreithe agus seirbhísí neamhord itheacháin, agus tacú leis an Sainghrúpa um Shláinte na mBan ag obair chur i bhfeidhm Sharing the Vision a dhéanamh inscnehdhíonach.
- Leanúint ag obair le comhpháirtithe chun athrú fadtéarmach a bhrú chun cinn, lena n-áirítear tús a chur le bunú Ceannaire Dochtúirí Teaghlaigh um Shláinte na mBan san FSS agus foireann forfheidhmithe a bhunú sa Chlár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán.



# Gníomh 3

## Déanfaimid infheistíocht i dtosaíochtaí Bhuiséad 2022 chun ár spriocanna um shláinte na mban a bhaint amach.

Gach bliain déantar cuid shuntasach den bhuiséad sláinte a infheistiú i gcroíchláir d'fhonn tacú le sláinte na mban. Tógann an plean Gníomhaíochta seo ar bhunús láidir na hinfheistíochta bliantúla reatha i seirbhísí máithreachais, i gcláir ailse, agus i seirbhísí scagthástála gan ach roinnt bheag a lua.

Bhuiséad 2022 méaduithe infheistíocht i bhforbairtí nua do shláinte na mban faoi €31 milliún, lena n-áirítear €5 milliún breise a leithdháilfear ar Chiste Shláinte na mBan, rud a thabharfaidh go €10 milliún san iomlán. Ciallaíonn an infheistíocht seo go bhfuil an plean Gníomhaíocht seo lanmhaoinithe don bhliain 2022.


### Bhuiséad 2022

**Tá forbairtí nua beartaithe in 2022 i raon réimsí shláinte na mban. Áirítear leis seo:**

- €8.66 milliún de mhaoiniú breise don Straitéis Náisiúnta Máithreachais.
- €9 milliún d'fhonn rochtain ar fhrithghiniúint do mhná idir 17-25 bliain d'aois a mhaoiniú.
- €5.3 milliún chun rochtain a mhéadú ar chlinicí gíniceolaíochta "féach agus cóireáil"; ar shainchlinicí sos míostraithe; agus ar shainseirbhísí inmheatróise.
- €5 milliún le Ciste Sláinte na mBan a thabhairt chuig infheistíocht 10 milliún le haghaidh cuir chuige nuálacha nua i leith sheirbhísí sláinte na mban ar fud na tíre.
- €1.34 milliún chun tacú le bunú tosaigh seirbhíse géinitice imbheirthe
- Infheistíocht €0.71 million den chéad uair chun dul i ngleic le bochtaineacht míostraithe.
- €0.54 milliún chun Sainfhoireann Tacaíochta um Imeachtaí Cnáimhseachais a bhunú chun tacú le seirbhísí agus le suíomhanna ina dtuairiscítear teagmhais mháithreachais thromchúiseacha
- Infheistíocht €0.25 million in Aonaid Chóireála um Ionsú Gnéis.

**“ Tá stiogma ann. Labhair mé le mo dhochtúir agus bhraith mé náire agus thuig mé Níor cheart go mbeadh orm mothú mar seo.”**

*Rannpháirtí Éisteachta Radacaí, Sligeach, sna luath 20idí*







# Gníomh 4

## Cuirfimid leis na tacaíochtaí sláinte, leis na seirbhísí agus leis an saineolas atá ar fáil do mhná maidir le frithghiniúint; le sos míostraithe; agus le gínéiceolaíocht.

In 2022 cuirfimid an 'spotsolas' ar siúl líon beag saincheisteanna luaithe ag mná, ag cliniceoirí agus ag páirtithe leasmhara mar thosaíochtaí in 2021. Tabharfaimid tacaíocht bhreise do seo in 2022 chun dlús a chur le dul chun cinn sna réimsí seo.

**Díreoidh an gníomh seo ar na saincheisteanna tosaíochta seo a leanas:**

### Frithghiniúint


**Action 4A:** Rochtain ar fhrithghiniúint saor in aisce a chur ar fáil do mhná óga (aois 17-25) chomh maithe le raon tacaíochtaí frithghiniúna lena n-áirítear comhairliúchán DG.

### Meanapás

**Gníomh 4B:** An cur chuige maidir le cúram meanapáis a athrú chun an tacaíocht phoiblí atá ar fáil do mhná roimh, le linn agus tar éis meanapáis a mhéadú.

### Sláinte agus gínéiceolaíochta ban

**Gníomh 4C:** Seirbhísí sláinte agus gínéiceolaíochta ban a fhorbairt ar féidir le mná rochtain a fháil orthu go tapa nuair is gá.







# Gníomh 5

## Feabhsóimid eispéiris na mban ar sheirbhísí sláinte trí athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear cúram ar fáil.

Léiríonn ár bhfianaise go mbíonn taithí éagsúil ag mná agus fir ar sheirbhísí sláinte. Trí na cleachtaí éisteachta radacaí go háirithe, feicimid fianaise go mothaíonn go leor ban go bhfuil neamhaird á léiriú orthu nó nach gcreidtear iad agus iad ag úsáid seirbhísí sláinte.

Díreofar an gníomh seo ar fheabhsuithe ar:

### Cultúr

**Gníomh 5A:** Chultúr an chúraim a fheabhsú agus tacú lenár n-oibrithe cúram sláinte an cúram is fearr a sholáthar do mhná, ag nascadh le torthaí an Chláir Náisiúnta um Eispéireas Cúraim. Forbrófar an tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le gairmithe túslíne agus déanfaidh sé smaointe cosúil le hoiliúint agus le hoideachas a athrú a mheas.

### Eolas

**Gníomh 5B:** Bhreathnú go cruthaitheach ar conas is féidir le mná agus cailíní rochtain a fháil ar fhaisnéis níos fearr maidir le sláinte na mban ag aoiseanna agus céimeanna éagsúla den saol.

### Grúpaí Imeallacha

**Gníomh 5C:** Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaímid le mná, agus go háirithe mná atá imeallaithe, d'fhonn nascadh le tacaíochtaí sláinte i suíomhanna atá compordach agus áisiúil dóibh. Díreoimid go háirithe ar:

- Mhná ó phobail faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiámh sóisialta, lena n-áirítear mná den Lucht Siúil agus Romaigh.
- Mhná atá faoi mhíchumas.





# Gníomh 6

## Tógfaimid bonn fianaise níos láidre do shláinte na mban in Éirinn trí thaighde cliniciúil, acadúil agus feidhmeach.

Ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá go leor bearnaí inár n-eolas agus inár dtuiscint ar shaincheisteanna sláinte na mban agus ar an tionchar atá ag inscne ar thorthaí agus ar eispéiris sláinte.

In 2022/2023 beidh an ghníomhaíocht seo dírithe ar:

### Taighde

**Gníomh 6A:** Ag forbairt agus taighde agus fianaise nua a leathnú i réimsí shláinte na mban agus inscne i gcúrsaí sláinte.

### Sonraí

**Gníomh 6B:** Tacú le húsáid tacair sonraí sláinte imdhealaithe ó thaobh inscne de le haghaidh forbairt beartais.

### Idirnáisiúnta

**Gníomh 6C:** Nascadh le agus foghlaim ó iarrachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta chun torthaí sláinte na mban a fheabhsú.





# Gníomh 7

## Déanfaimid athshamhlú ar conas is féidir cúram a sholáthar do mhná trí nuálaíocht i bpríomhréimsí agus tríd an fhéidearthacht do chuir chuige nua a léiriú.

Le linn an chéad chéim eile den obair, breathnóidh an Tascfhórsa um Shláinte na mBan ar na smaointe a tháinig chun cinn le linn ár bpléanna in 2020/2021 agus conas is féidir linn iad a chur i bhfeidhm.

**Go háirithe:**

### Cúram Iarbhairthe

**Gníomh 7A:** Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua chun tacú le mná iarbhairthe ar bhealach níos fearr, agus níos gaire don bhaile, ag foghlaim ó chlár píolótach an mhoil iarbhairthe.

### Chur chuige saolré

**Gníomh 7B:** Ag taiscéaladh an fhéidearthacht do chur chuige struchtúrtha saolré i gcúram príomhúil do gach aois a chur ar bun. Mar thúsphointe, féachfaimid ar an smaoineamh seo i gcomhthéacs na mban lár-saoil agus scothaosta.

### Litearthacht Sláinte

**Gníomh 7C:** Ag taiscéaladh chuige nua chun tacú le mná óga agus iad ag tosú ar a sláinte féin a bhainistiú go neamhspleách.

### Cuir Chuige Ilghairmiúla agus Ildisciplíneacha

**Gníomh 7D:** Ag taiscéaladh ról na ngairmithe altranais, cnáimhseachais, ardchleachtadh agus gairmithe gaolmhara sláinte i stiúradh chur chuige shláinte na mban.





# Gníomh 8

## Cuirfimid ár straitéisí agus ár mbeartais reatha i bhfeidhm d'fhonn tacú le sláinte na mban ag gach céim den saol.

Tá raon tionscnamh ilbhliantúil san earnáil sláinte á gcur i bhfeidhm agus réitigh siad an bealach le haghaidh torthaí sláinte níos fearr do mhná ag gach céim den saol.

Tríd an bPlean Gníomhaíochta seo déanfaimid ár straitéisí agus ár mbeartais reatha i réimsí sláinte na mban a chomhdhlúthú agus a ailíniú.

Réimse Beartais	Gníomhaíocht ionchasach Sláinte na mBan 2022/2023:
<b>An Straitéis Náisiúnta Máithreachais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Máithreachais ag teacht leis an bPlean Forfheidhmithechun tacú le forbairt seirbhíse máithreachais ag a bhfuil mná lárnach, a thugann cúram sábháilte, atá ar ardchaighdeán, comhtháite, foireann-bhunaithe agus a mhéadaíonn rogha na mban.</li> <li>Déanfaimid na sé Líonra Máithreachais náisiúnta a fhorbairt agus a neartú.</li> <li>Forbróimid moil iarbheirthe a chur chun cinn iad dírithe ar thacú le mná ar feadh suas le 14 lá tar éis an bhreithe, ag tabhairt aghaidh ar réimsí cúraim iarbheirthe mar shampla, naisc roghanna sochair, fisiteiripe, agus tacaíochtaí forbartha agus fisiceacha.</li> <li>Déanfaimid dul chun cinn ar leathnú na seirbhísí do mhná faoi andúile atá ag iompar clainne, iarbheirthe nó a bhfuil leanaí acu.</li> <li>Tacóimid le meabhairshláinte na mban le linn toirchis agus ina dhiaidh, ag leathnú seirbhísí meabhairshláinte imbhreithe agus ag déanamh dul chun cinn leis an gcéad aonad othar cónaitheachmeabhair-shláinte do mháithreacha agus do leanaí.</li> </ul>
<b>An tSamhail Chúraim um Ghíniceolaíocht Shiúlach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid an tsamhail chúraim um ghíniceolaíocht shiúlach a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le Clár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán (NWIHP) de chuid an FSS.</li> <li>Ag baint leasa as maoiniú a cuireadh ar fáil i mBuiséad 2022, bunófar na sé chlinic deiridh an bhliain seo chugainn, rud a thabharfaidh líon iomlána gclinicí dá leithéid ar fud na tíre go 20.</li> <li>Críochnóidh sé seo cur i bhfeidhm An tSamhail Chúraim um Ghíniceolaíocht Shiúlach.</li> </ul>
<b>An Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibreoidimid chun feabhas a chur ar luathbhrath na hailse, lena n-áirítear idirghabhálacha a mhéadú do ghrúpaí atá imeallaithe. Leathnóimid an fócas ó ailse scamhóg go cineálacha eile siadaí.</li> <li>Tacóimid le forbairt Clinicí um Stair Teaghlaigh Cíche.</li> <li>Tacóimid le bunú tástála géineolaíochta ailse in Éirinn agus déanfaimid an cumas tástála diagnóisic mhóilíneacha leathnú. Is í an aidhm atá ann ná amanna feithimh a laghdú agus seirbhísí comhairleoireachta agus tástála a leathnú go gaolta na ndaoine sin a bhfuil togracht don ailse orthu.</li> <li>Déanfaimid monatóireacht ar chur i bhfeidhm na dtreoirínte athbhreithnithe d'atreoruithe DT chuig Clinicí Siomptómacha um Ghalar Cíche.</li> <li>Oibreoidimid chun níos mó othar a fheiceáil laistigh de amlínte comhaontaithe ag Clinicí do Ghalar Siomptómach Cíche práinneach agus neamhphráinneach.</li> <li>Oibreoidimid chun lárnú máinliachta le haghaidh ailse gíniceolaíochta a chur chun cinn.</li> <li>Leanfaimid ag forbairt Pas Othair um Ailse Chíche chun tacú leo siúd atá ag maireachtáil tar éis diagnóis ailse. Cuirfimid chun cinn measúnú riachtanas BRCA (géinte BReast CAncer) a chur i gcrích chomh maith le hobair leanúnach chun seirbhísí marthanachta a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí síc-oinceolaíochta.</li> </ul>

**An Plean  
Gníomhaíochta  
um Beathú Cíche**

- Méadóimid tacaíocht do thacaíochtaí do mháithreacha a bhíonn ag tabhairt faoi bheathú cíche trí mhaoiniú méadaithe de €1.58 million do 24 comhairleoir lachtaithe, atá le leithdháileadh i suíomhanna ospidéal agus pobail araon, chun cúnamh tráthúil agus oilte a chinntiú do mháithreacha ar mian leo tabhairt faoi bheathú cíche.

Réimse Beartais	Gníomhaíocht ionchasach Sláinte na mBan 2022/2023:
<b>An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Táimid ag cur an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis i bhfeidhm go hiomlán.</li> <li>Leanfaimid ag cinntiú go mbeidh faisnéis ar shláinte ghnéis, lena n-áirítear frithghiniúint, toircheas neamhphleanáilte agus cosc ar STI, do mhná, chomh maith le leanúint ag tacú le mná a bhfuil toircheas neamhphleanáilte acu trí chomhairleoireacht agus tacaíochtaí in aisce.</li> <li>Táimid ag athbhreithniú agus ag nuashonrú ar an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis.</li> </ul>
<b>Creat um Éire Shláintiúil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Thug Tascfhórsa um Shláinte na mBan tús áite do ghníomhaíocht fhísiciúil mar réimse gnímh in 2021 agus tá maoiniúclár do mhná idir 40 – 60 bliain d’aois trí Spórt Éireann a chuirfeair i bhfeidhm i mbliana.</li> <li>Táimid ag cur chun hiompraíochtaí sláintiúla a chur chun cinn ar fud an daonra trí straitéisí a sheachadadh mar shampla an Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Choirp, Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil, Clár Pobail Shláintiúla Shláintecare, an Beartas agus an Plean Gníomhaíochta um Murtall agus an Creat Champais Shláintiúil.</li> <li>Oibreoidimid chun rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní sa spórt a mhéadú trí chur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Spóirt.</li> <li>Táimid ag obair chun rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní sa spórt a mhéadú trí chur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Spóirt.</li> </ul>
<b>Ag Roinnt na Físe agus Ceangail ar Feadh an tSaoil:</b>  <b>Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015 – 2024</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibreoidimid chun polasaithe agus moltaí meabhairshláinte a imdhíonadh ó thaobh inscne de mar chuid de chur i bhfeidhm an bheartais mheabhairshláinte Ag Roinnt na Físe agus Ceangail ar Feadh an tSaoil: Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú.</li> <li>In 2022, forbróidh maoiniú €1.15 milliún 3 shainfhoireann nua um neamhoird itheacháin, rud a thabharfaidh an t-íomlán go 9 faoi dheireadh na bliana. Leanfaimid ag tacú thugaimid do BodyWhys a sholáthraíonn raon seirbhísí do dhaoine a bhfuil neamhoird itheacháin orthu. Áirítear leis seo grúpaí tacaíochta agus línte cabhracha chomh maith le cláir thacaíochta do chúramóirí daoine a bhfuil neamhoird itheacháin orthu. Tá €150,000 breise imfhálaithe chun acmhainní féinchabhracha treoraithe ar líne a fhorbairt a sholáthróidh tacaíochtaí luath-idirghabhála do dhaoine a bhfuil neamhoird itheacháin orthu.</li> <li>Déanfaimid pleanáil agus bainistiú ar chur i bhfeidhm an chéad Aonad um Máithreacha agus Leanaí in Éirinn a bheidh lonnaithe ar Champas Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath ionas gur féidir máithreacha a bhfuil tacaíochtaí meabhairshláinte uathu mat othair chónaitheacha a ligean isteach in éineacht lena leanaí.</li> <li>Leanfaimid ag cur comhairleoireachta ar fáil dóibh siúd a ndeachaigh Tuarascáil Deiridh an Choimisiúin um Imscrúdú ar Thithe Máithreacha agus Leanaí i bhfeidhm orthu trí Sheirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta FSS.</li> <li>Leanfaimid ag cur le seirbhísí chun féinchochair a laghdú.</li> </ul>
<b>An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí: Dochar a Laghdú, Ag Tacú le hAisghabháil 2017-2025</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid rochtain agus soláthar seirbhísí do mhná a bhfuil fadhbanna mí-úsáide substaintí acu a mhéadú</li> <li>Leanfaimid ag feabhsú cúram pobail do dhaoine a úsáideann drugaí trí sheirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta a chur ar fáil sa phobal chun freastal ar riachtanais aitheanta sláinte. Díreoidimid ar rochtain ar sheirbhísí a chinntiú do mhná, do dhaoine i gceantair thuaithe, do mhionlaigh eitneacha agus don phobal LGBTI+.</li> <li>Cuirfimid le Plean Gníomhaíochta an AE ar Dhrugaí, a bheidh sé mar aidhm aige bacainní ar chóireáil a laghdú, a chinntiú go bhfreagraíonn seirbhísí do riachtanais na mban agus go méadófar feachtas ar sheirbhísí. Tá gealltanais sa Plean Gníomhaíochta freisin dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe i leith ban a úsáideann drugaí chun deireadh a chur le fáinne fí úsáid na ndrugaí agus an fhoréigin.</li> <li>Déanfaimid dul chun cinn maidir le soláthar seirbhísí drugaí agus alcóil atá dírithe ar inscne.</li> </ul>

## Gníomh 8 ar lean

Réimse Beartais	Gníomhaíocht ionchasach Sláinte na mBan 2022/2023:
<b>Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Máithreachais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid le haiseolas a fháil ó mhná, tríd an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim, chun tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairt ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus úsáidfidimid an fhaisnéis seo chun tuiscint a fháil ar conas is féidir linn feabhsú.</li> <li>In 2022, cuirfear an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Méala Máithreachais i bhfeidhm. Ceisteoidh an suirbhé mná maidir lena dtaithe ar chúram méala in aonaid mháithreachais nó in ospidéal na hÉireann, lena n-áirítear cúram othar seachtrach, othar cónaitheach agus cúram leantach.</li> </ul>
<b>Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Méala Máithreachais</b>	
<b>tSeirbhís Abhcóideachta Othar</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid ag obair go dlúth leis an tSeirbhís Abhcóideachta Othar chun seirbhís tacaíochta a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gearán acu faoi na seirbhísí sláinte nó a raibh baint acu le teagmhas sábháilteachta othar.</li> <li>In 2022, eiseofar an chéad chonradh eile chun an tseirbhís seo a sholáthar, rud a ligfidh don tseirbhís leathnú agus leas leanúnach a bhaint as treochtaí seanbhunaithe d'fhonn foghlaim agus chun feabhsuithe ar na seirbhísí atá ar fáil a éascú.</li> </ul>
<b>dTuarascáil Bhliantúil Chórais Náisiúnta um Thuairisciú Cáilíochta Cúram Sláinte</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid dul chun cinn ar chuimsiú táscairí cáilíochta cúraim sláinte ag díriú ar shláinte na mban i dTuarascáil Bhliantúil an Chórais Náisiúnta um Thuairisciú Cáilíochta Cúram Sláinte.</li> <li>In 2022, foilseoidimid an chéad shraith eile den Tuarascáil a chuirfidh eolas ar fáil don phobal ar cháilíocht an chúraim atá ar fáil inár gcóras cúram sláinte.</li> </ul>
<b>Beartas um ghearáin chliniciúla agus teagmhais sábháilteachta othar</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid forbairtí beartais náisiúnta a chur chun cinn maidir leis an gcaoi a ndéileáilimid le gearáin chliniciúla agus le teagmhais sábháilteachta othar, rud a chuireann othair agus teaghlaigh ag croílár na bpróiseas seo.</li> <li>Déanfaimid obair thaighde reatha a chur chun cinn chun tuiscint a fháil ar na luachanna agus ar na cultúir atá mar bhonn agus mar thaca ag bainistíocht duine-lárnach ar ghearáin chliniciúla agus ar theagmhais sábháilteachta othar, cuimseoidh sé seo tuairimí agus eispéiris na mban a úsáideann ár seirbhísí cúram sláinte.</li> </ul>
<b>bhFoireann Tacaíochta um Imeachtaí Cnáimhseachais</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacóimid le FSS agus iad ag bunú agus leathnú a bhFoireann Tacaíochta um Imeachtaí Cnáimhseachais (OEST), a rachaidh i ngleic go gníomhach le suíomhanna a thuairiscíonn géartheagmhais mháithreachais agus a thacóidh leo.</li> <li>Pléifimid leis an OEST agus iad ag foghlaim ó theagmhais mháithreachais dhíobhálacha agus tabharfaimid aghaidh ar a bhfoghlaimíodh ag leibhéal náisiúnta.</li> </ul>
<b>Úsáid Mogall Úra-Gíniceolaíoch i Nósanna Imeachta Máinliachta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid ag obair le páirtithe leasmhara chun cur i bhfeidhm na moltaí i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Míochaine (CMO) ar Úsáid Mogall Úra-Gíniceolaíoch i Nósanna Imeachta Máinliachta a chur chun cinn.</li> <li>Trí éisteacht le heispéiris na mban ata ag fulaingt de bharr ionchlannán mhogall, oibreoidimid chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bheartas agus ar thacaíochtaí d'fhonn freagairt dá riachtanais.</li> </ul>
<b>An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid ag obair chun saincheisteanna a bhaineann le hinscne a chuimsiú sa chreat seo lena n-áirítear oistéapórois mar chuid de Mhúnlaí Cúraim níos leithne do réamaiteolaíocht, ortaipéidic, tráma, athshlánú agus cúram do dhaoine scothaosta.</li> </ul>
<b>An tAthbheithniú ar Fhoirceannadh Toirchis</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid athbheithniú ar fheidhmiú an Achta Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018 a chur chun cinn.</li> </ul>
<b>Plean Gníomhaíochtaí Sláintecare</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid spriocanna Sláintecare a chur chun cinn chun an tréimhse a bhíonn othair ag fanacht ar choinní a laghdú. Áirítear leis seo liostaí feithimh gíniceolaíochta.</li> <li>Leanfaimid ag breathnú ar riachtanais mhuintir na tíre de réir deighleoige agus suímh agus athróimid an chaoi a bpleanáilimid agus maoinéimid ar sheirbhísí chun freastal ar riachtanais.</li> </ul>




# Gníomh 9

## Beimid freagrúil do shaincheisteanna a thagann chun cinn agus forbróimid freagraí beartais agus reachtaíochta ar shaincheisteanna shláinte na mban de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ní féidir linn cad atá romhainn a thuar agus d'fhéadfadh forbairtí sláinte ban teacht chun cinn a éilíonn freagairt spriocdhírthe éifeachtach ón Rialtas i lár na bliana.

I measc na bhforbairtí áirithe a bhfuiltear ag súil leo i rith 2022/2023 tá:

Réimse Beartais	Beartas sláinte na mban agus reachtaíocht á forbairt:
<b>Atáirgeadh Daonna Cuidithe</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuirfimid reachtaíocht um atáirgeadh daonna cuidithe (AHR) chun cinn trí Thithe an Oireachtais.</li> </ul>
<b>Torthúlacht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanfaimid ag obair le FSS ar rolladh amach na samhla cúraim do neamhthorthúlacht.</li> </ul>
<b>Vacsainí HPV</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid athbhreithniú ar chomhairle an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) maidir le héifeachtacht chliniciúil agus buntáiste don daonra i gcoitinne as an vacsaín don Víreas Papalóma Daonna (HPV) a chur ar fáil dóibh siúd a bhí i dteideal í a fháil ach a chaill amach ar nó a dhiúltaigh don vacsaín. Cuirfidh an measúnú seo bonn eolais ar fáil d'fhorbairt clár 'cartála' féideartha.</li> </ul>
<b>Anás Míosta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Táimid ag forbairt moltaí beartais, idirghabhálacha agus tacaíochtaí mar fhreagra ar mholtaí an Phlépháipéir um Anás Míosta in Éirinn. Tá an fócas is práinní ar fheabhsuithe bhaint amach dóibh siúd is mó i ngátar (m.sh., daoine gan dídean, iad siúd atá ag maireachtáil le andúil, mionlaigh lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh, agus iad siúd atá thíos de bharr bochtaineacht chomhsheasmhach). Táimid ag obair faoi láthair ar thacaíochtaí a sholáthar trí Údarás Áitiúla agus tríd an earnáil dheonach. Tá reachtaíocht maidir le anás míosta á cur chun cinn ag an Roinn freisin; an Bille um Tháirgí Míostraithe a Sholáthar in Aisce (2021).</li> </ul>
<b>Sláinte Cúramóirí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déanfaimid uirlis Measúnaithe um Riachtanais Chúramóirí InterRai a phíolótú, chun teacht ar mheicníocht chun cabhrú le riachtanais chúramóirí teaghlaigh a aithint d'fhonn iad a nascadh le seirbhísí agus letacaíochtaí ábhartha.</li> </ul>
<b>Creat Cuimsithe Shláinte</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Forbróimid seirbhísí tríd an FSS a fhreastalóidh ar riachtanais bhreise sláinte na mban atá thíos le bochtaineacht agus le heisiámh sóisialta, lena n-áirítear grúpaí cosúil le mná gan dídean, mná den Lucht Siúil agus mná Romacha, chomh maith le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.</li> </ul>
<b>Criosanna Rochtana Sábháilte</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuirfimid moltaí chun cinn maidir le rochtain shábháilte ar sheirbhísí um fhoirceannadh toirchis in 2022</li> </ul>







# Gníomh 10

## **Oibreimid laistigh dár n-eagraíochtaí chun na hathruithe a theastaíonn uainn a fheiceáil inár n-earnáil, inár sochaí agus inár ngeilleagar a shamhaltú agus a stiúradh.**

Beidh iarrachtaí chun sláinte na mban a fheabhsú teoranta i gcónaí ag leibhéal an chomhionannais inár sochaí agus inár bpobail.. déanfaidh an Roinn a dícheall ár n-ionad oibre a dhéanamh níos cothroime agus ár mbealach oibre a bheith níos feasaí ó thaobh inscne de trí na bearta seo a thabhairt isteach:

### **Déanfaidh an Roinn a dícheall ár n-ionad oibre a dhéanamh níos cothroime agus ár mbealach oibre a bheith níos feasaí ó thaobh inscne de trí na bearta seo a thabhairt isteach:**

- Feasacht inscne a mhéadú trí oiliúint a chur ar an bhfoireann ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach.
- Grúpa Oibre um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a bhunú chun tionscnaimh a stiúradh laistigh den Roinn.
- Imdhíonadh ó thaobh inscne de' a leabú i bpróisis bheartais na Roinne ionas go ndéanfaidh ár bhfoirne beartais a fhorbairt agus a mheas agus tuiscint acu ar riachtanais sláinte sainiúla agus éagsúla gach inscne.
- Buiséadú comhionannais a chur chun cinn, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Roinn an Taoisigh.
- Ár dtiomantas do Dhualgas na hEarnála Poiblí a léiriú.
- Tacú le hionadaíocht inscne níos fearr ar Bhoird Stáit.

**“Cumhachtaithe ag eolas i ndáiríre. Nuair  
atá a fhios agat cuirfidh tú ceisteanna”**

*Rannpháirtí Éisteachta Radacaí, Lár na Tíre, 45 - 55*





# Léargais

## Léiríonn an fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil tábhacht an Phlean seo agus a chuid Gníomhartha.

Aithnítear ar fud an domhain anois go mbíonn tionchar ag inscne ar shláinte. Bíonn turais sláinte éagsúla ag mná, fir, daoine idirghnéasacha agus daoine neamhdhénártha, agus bíonn taithí éagsúla acu ar shaincheisteanna sláinte agus is féidir tacú leo agus dúshlán a thabhairt dóibh ar bhealaí éagsúla chun dea-shláinte a chothabháil. Trí bhreathnú ar shláinte i gcomhthéacs inscne, is féidir linn breathnú ar cad is gá dúinn a fheabhsú do mhuintir uile na hÉireann ar bhealach spriocdhírthe éifeachtach.

### Achoimre ar an bhFianaise

Tá fianaise ann má bean tú in Éirinn, san Eoraip nó in aon áit eile ar domhan go mbíonn tionchar díreach aige sin ar chaighdeán do shláinte ar feadh do shaoil:

Mar shampla:

- Beidh na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar dhea-shláinte difriúil do mhná.
- Beidh difríochtaí ann maidir le leitheadúlacht agus taithí ar shaincheisteanna sláinte ar leith – sláinte chairdiach, sláinte cnámh, galair ainsealacha, roinnt ailsí, murtall, meabhairshláinte mar shampla – ag brath ar inscne.
- Tosaíonn mná ar an saol ag tabhairt aghaidh ar neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha éagsúla a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus ar fholláine.
- Bíonn saincheisteanna sláinte atáirgthe, peilbheach agus gnéis ar leith ag mná.
- Go stairiúil, is minic go raibh mná eisiata ó thaighde leighis, agus impleachtaí ann maidir le diagnóis agus cóireáil ghalair na mban.
- Léiríonn sonraí ár suirbhé bíonn taithí éagsúil ag mná ar sheirbhísí sláinte i gcomparáid le hinscne eile.
- Bíonn mná ag plé leis an gcóras sláinte mar chúramóirí agus mar phléadálaithe do dhaoine eile níos minice ná fir.
- Cé go bhfuil gach bean difriúil, bíonn dúshlán sláinte faoi leith ann do mhná atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, mná imirceacha, mná ar baill iad de ghrúpaí mionlaigh ar nós an phobail Romaigh agus an Luchta Shiúil, marthanóirí míhúsáide teaghlaigh agus mná a d'fhás aníos i gcúram an stáit nó ar imeall chúraim an stáit, mná trasinscneacha. nó mná faoi mhíchumas.

Is é misean na Roinne Sláinte agus folláine gach duine in Éirinn a fheabhsú. Níl torthaí sláinte socraithe agus is féidir leis an gcúnamh ceart ag an am ceart difríocht mhór a dhéanamh. Mar shampla, is mór an éacht ata bainte amach ag Éirinn toisc gurb í an chéad tír ar domhan a ghlac le Beartas Náisiúnta um Shláinte na bhFear. Ní rud nua í obair spriocdhírthe ar thacú le grúpaí áirithe agus bhí tionchar dearfach suntasach ag tionscnaimh mar shampla Éire Shláintiúil ar shláinte daoine trí dhírú ar shláinte grúpaí éagsúla a fheabhsú.



## Léargais ar lean

### Achoimre na nGuthanna

Ó 2019 i leith, tá an Roinn i mbun raon cleachtaí éisteachta le mná chun na saincheisteanna atá tábhachtach dóibh a thuiscint.

### Mná ar Shláinte na mBan

#### Nuair a labhraíomar le mná faoi shláinte na mban, d'iarr siad orainn:

- Éist.
- Breathnaigh níos géire ar an taithí a bhíonn againn ar sheirbhísí sláinte, ar an mbealach a phléimid le gairmithe cúram sláinte, léirigh meas ar a ndeirimid agus cuidigh linn muinín a bheith againn ag labhairt faoi na saincheisteanna atá tábhachtach dúinn.
- Tabhair rochtain thapa dúinn ar shaintacaíocht atruach, nuair is gá dúinn é.
- Éagsúlacht na mban a thuiscint agus bealaí a aimsiú chun tacú linn ar fad ar ár dturas i dtreo sláinte níos fearr, go háirithe más as grúpaí muid ina bhfuil go leor míbhuntáistí ann dúinn.
- tacú le cultúr a éistean linn agus a léiríonn meas orainn mar shaineolaithe trí thaithe.
- Muid a chumasú le rochtain éasca ar eolas chun ár sláinte féin a fheabhsú nó a bhainistiú - teastaíonn foinsí iontaofa uainn maidir leis na rudaí a théann i bhfeidhm orainn.
- Tá na saincheisteanna seo pearsanta agus práinneach dúinn, nílimid ag iarraidh fanacht leis an bplean foirfe, ba mhaith linn dul chun cinn a fheiceáil anois.

### Mná ata ag obair mar Ghairmithe Sláinte na mBan ar Shláinte na mBan

#### Nuair a labhraímid le seirbhísí agus le speisialtóirí faoi shláinte na mban cloisimid faoi:

- Seirbhísí den scoth mná-lárnacha ar fud na tíre atá ag déanamh difríocht mhór.
- Taighde cliniúil ceannródaíoch a rachaidh chun leas na mban in Éirinn agus ar fud an domhain.
- Díograis na foirne agus an tiomantas agus an oscailteacht don fhoghlaim ionas gur féidir le seirbhísí leanúint ag feabhsú agus a bheith nuálaíoch.
- Frustrachas don fhoireann nuair a chuireann rudaí simplí bac orthu – teicneolaíocht, spás fisiceach, srl. – agus an tábhacht a bhaineann leis na píosáí “cúloifige” seo a bheith i gceart chun tacú le mná.
- Seirbhísí atá róbhéag, ró-dheacair le teacht orthu, ach a bhfuil an cumas acu sláinte na mban agus na gcailíní ar fud na tíre a athrú chun a leasa.



#### Tuilleadh eolais

Tá achoimre ar an taighde agus ar an bhfianaise lena bhfuil an plean seo tacaíte ar fáil [anseo](#)

Tá tábla de acmhainní cabhracha agus tagairtí maidir le sláinte na mban ar fáil [anseo](#)

**“Ní raibh an tsaoirse ann chun labhairt faoi  
thinneas murab ionann is anois. Coinníodh  
go leor uainn. Coinníodh go leor faoi choim  
... Táimid in áit iomlán difriúil anois do chách  
ach do mhná go háirithe”**

*Rannpháirtí Éisteachta Radacaí, Maigh Eo, 65+*



# Fondúireachtaí Ratha

## Tógann an Plean seo ar bhunchlocha láidre beartais, reachtaíochta agus seirbhíse i sláinte na mban

### Obair tras-Rialtais ar inscne agus ar chomhionannas

Tá obair ar inscne agus ar chomhionannas ag dul ar aghaidh ar fud an rialtais, mar aitheantas ar na fachtóirí iolracha idirnasctha sóisialta a bhfuil tionchar acu ar shláinte na mban sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Oibríonn ranna Rialtais le chéile chun tacú le príomhstraitéisí mar shampla an straitéis ata mar chomharba ar an Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní, an 3ú Straitéis Náisiúnta ar Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe chomh maith le Fionnachtana Thionól na Saoránach ar Chomhionannas Inscne. Tá ról tábhachtach ag gach roinn maidir le tacú le mná in Éirinn saol sláintiúil a chaitheamh.

### An Roinne Sláinte

Is é misean na Roinne feabhas a chur ar shláinte agus folláine mhuintir na hÉireann ach:

- Tacú le daoine maireachtáil go sláinte agus go neamhspleách,
- A chinntiú go soláthraítear sláinte agus cúram sóisialta ardchaighdeán agus sábháilte,
- Seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta duinelárnach atá níos freagrúla agus níos comhtháite a chruthú,
- Bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte a chur chun cinn agus an luach is fearr ar acmhainní an chórais sláinte a chinntiú.

Is é ról na Roinne Sláinte ceannaireacht straitéiseach a sholáthar don earnáil sláinte agus a chinntiú go n-aistrítear beartais an Rialtais ina ngníomhartha agus go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad.

Is fada go bhfuil béim na Roinne leagtha ar Shláinte na Tíre ag cinntiú go ndéantar soláthar cúram sláinte a mheitseáil le riachtanais grúpaí éagsúla ag céimeanna éagsúla den saol. Sa chomhthéacs seo, is minic a tugadh tosaíocht do bheartas sláinte na mban agus tá an-dul chun cinn ó thaobh beartais de bainte amach trí thionscnaimh cosúil leis an **Straitéis Náisiúnta Máithreachais (2016)**, an **Creat um Éire Shláintiúil (2013)** agus an **Plean Gníomhaíochta Straitéiseach (2021)**, agus **Sláintecare an Clár um Pobail Shláintiúla (2021)**.

Agus machnamh a dhéanamh againn ar ár mbunchlocha beartais agus reachtaíochta maidir le sláinte na mban, d'aithin an Tascfhórsa um Shláinte na mBan go gcuirtear inscne san áireamh i dtionscnaimh lárnacha na Roinne rud a gcuirtear fáilte roimhe agus go bhfuil deis ann inscne a neadú ar bhealach níos doimhne sa chreat beartais i gcoitinne. Bhí sé seo ina bhonn eolais do na gníomhartha atá leagtha amach sa Plean Gníomhaíochta seo.



#### Tuilleadh eolais

Spotsolas ar bheartas bunúsach um shláinte na mban: [An Straitéis Náisiúnta Máithreachais](#)

Léigh tuilleadh faoinár mbeartais sláinte reatha [anseo](#).



## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é ról FSS seirbhíse sláinte poiblí a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Tá roinnt clár forbartha ag FSS a raibh tionchar bunathraithe acu ar shláinte na mhná na hÉireann. Mar shampla:

- Tá an Straitéis Náisiúnta Máithreachais á chur i bhfeidhm ag an gClár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán agus tá sé ag stiúradh sheachadadh na seirbhíse máithreachais, gíniceolaíochta agus nuabheirthe.
- Tá an Clár um Shláinte Ghnéis agus um Thoirchis Ghéarchéime ag tacú le mná cinní eolas ach a dhéanamh maidir le sláinte agus folláine ghnéis agus chun toircheas neamhphleanáilte a chosc agus chun tacú le mná a bhfuil toircheas neamhphleanáilte acu.
- Tá gníomhaíocht faoin bPlean Gníomhaíochta um Chothú Cíche ag cinntiú infhaighteacht agus rochtain níos fearr ar sheirbhíse tacaíochta lachtaithe ar fud na tíre, ag tacú le níos mó máithreacha beathú cíche a dhéanamh agus beathú cíche a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide.
- Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála seirbhíse scagthástála ardchaighdeán ar fáil do raon ailse, lena n-áirítear feabhsuithe suntasacha ar scagthástáil ailse cíche agus cheirbheacs a feabhsaíonn sláinte fhoriomlán na mban.
- Tá Cuimsiú Sóisialta FSS ag obair chun neamhionannas sláinte a laghdú, lena n-áirítear clár shláinte spriocdhírthe don Lucht Siúil agus do na Romach, agus tacaíochtaí do mhná atá buailte ag mí-úsáid, mná a bhfuil tionchar ag an andúil orthu, d'íarratasóirí ar chosaint ban agus do mhná ata ag obair sa tionscal gnéis lena n-áirítear tras-mhná.
- Tá tacaíocht speisialtóra á cur ar fáil ag FSS do mhná a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu le linn toirchis trí na Sainseirbhíse Meabhairshláinte Imbheithe agus tá siad ag planáil don chéad Aonad máithreacha is leanaí sainaonad othar cónaitheach.
- Tá FSS ag obair chun sláinte agus folláine feabhsaithe a bhaint amach do gach ball den tsochaí, trí straitéisí cosúil le hAosú Dearfach Náisiúnta, Éire Saor ó Thobac agus Torthaí Níos Fearr, Toghcháí Níos Gile i measc nithe eile.

Mar sin féin, tá a fhios againn go bhfuil bearnaí seirbhíse stairiúla ann a théann i bhfeidhm ar mhná – mar shampla, rochtain ar sheirbhíse gíniceolaíochta agus ar chúram casta meanapáis, i measc ceisteanna eile. Tá a fhios againn freisin, agus fianaise láidir ann anois, gur féidir le mná taithí níos measa a bheith acu ar sheirbhíse sláinte i gcoitinne.

Tá an earnáil sláinte ag obair chun dul i ngleic leis na bearnaí seo i soláthar seirbhíse trí raon beartas agus tionscnamh. Tá fuinneamh agus tionchar breise tugtha ag Tascfhórsa Shláinte na mBan do seo, trí iad siúd ar fad a bhfuil baint acu le hathrú a sheachadadh do shláinte na mban a thabhairt le chéile chun oibriú chun an tsamhail chúraim a athrú ó bhun trí sholáthar pobalbhunaithe níos luaithe, ag teacht le cur chuige athchóirithe Sláintecare. Tá na chéad chéimeanna eile i dtreo na físe seo leagtha amach sa phlean seo.



### Tuilleadh eolais

Léigh tuilleadh faoi Chlár Náisiúnta Shláinte na mBan agus na Naíonán de chuid FSS [anseo](#);

Faigh tuilleadh eolais faoin raon seirbhíse sláinte atá ar fáil ar shuíomh [Gréasáin FSS anseo](#).

## Fondúireachtaí Ratha ar lean

### Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí sláinte

In éineacht leis an Roinn agus le FSS, tá roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ann a mhúnláíonn ár seirbhísí sláinte agus a thacaíonn leo. Tá baint ag cuid acu le seirbhísí a sholáthar agus is seirbhísí rialála agus/nó comhairleacha cuid eile acu.

Na comhlachtaí ionadaíoch, oideachais agus oiliúna, a thacaíonn leis na daoine atá ag soláthar seirbhísí sláinte ar fud na tíre; na soláthraithe deonacha seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a bhfuil ról tábhachtach acu i seachadadh ar son mhuintir na hÉireann; agus na forais abhcóideachta agus oideachais, tá ról thábhachtacha le himirt acu go leir maidir le tacú le sláinte na mban in Éirinn agus í a fheabhsú.



#### Tuilleadh eolais

Léigh tuilleadh faoi na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne **anseo.**

**“Bheadh ionchais arda agam. Sílim go bhfuil muid i dteideal X, Y agus Z... ba mhaith liom fanacht sláintiúil. Ba mhaith liom chun fanacht chomh gníomhach agus is féidir liom. Ba mhaith liom cibé rud is gá dom a dhéanamh nó is féidir liom a dhéanamh chun é sin a bhaint amach. Tá a fhios agam nach mar phribhléid é ach mar cheart. Tá sé de cheart againn fanacht sláintiúil leis an eolas, an t-eolas, leis na seirbhísí chun é sin a dhéanamh. Ní fheicim é sin mar aon sócmhainn.”**

*Bean a d’fhreastail ar an seimineár gréasáin ‘Menopause at Work’*



# Cur i bhfeidhm

## Tá 3 phrionsabal mar bhonn ag an bplean gníomhaíochta seo: luas, beartú tosaíochta agus comhpháirtíocht

Agus muid ag obair tríd an gcreat nua do Shláinte na mBan – **Éist. Infheistigh. Soláthair.** – is féidir linn cultúr dinimiciúil a chruthú chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil.

Mhol Fiosrúchán Scópála an Dr. Gabriel Scally ar an gClár Scagthástála CervicalCheck go raibh aird níos tiomanta, comhsheasmhach ag teastáil ón earnáil sláinte maidir le saincheisteanna shláinte na mban. Príomhghné amháin é an Plean Gníomhaíochta 18 mí seo um Shláinte na mBan chun móiminteam a choinneáil i dtreo na sprice seo.

Is clár freagrúil é an Plean Gníomhaíochta seo a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic leis na saincheisteanna is mian le mná a fheabhsú. Cé nach bhfuil aon saincheisteanna as an áireamh, tá a fhios againn go gcaithfidimid tosaíocht a thabhairt chun torthaí a fháil. Díríonn an Plean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan seo ar líon beag gníomhartha tosaíochta nua, agus ag an am céanna leanann sé le dul chun cinn seasta a bhaint amach dár bpríomhchláir agus tionscnaimh. Déanfar cláir thosaíochta do shláinte na mban a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta mar chuid den chur chuige creata nua.

Beidh ár gcomhpháirtíocht leanúnach le mná ag croílár seo, trí rannpháirtíocht na mban, a gcuid pléadálaithe, an phobail chliniciúil a thacaíonn leo agus na gcomhpháirtithe rialtais i gcoitinne sa phróiseas seo. Tríd an tsraith seo a athdhéanamh agus a nascadh leis an bpróiseas buiséadach creidimid go rachaimid ó neart go neart maidir le dul i ngleic le saincheisteanna shláinte na mban.

Tríd an bPlean Gníomhaíochta seo, déanfaimid athmhúnlú ar an gcaoi a ndéantar sláinte na mban san earnáil a struchtú, a bhainistiú agus ar an gcaoi a gcuiriid acmhainní ar fáil di. Neartóimid ár n-obair chomhpháirtíochta ionas go mbeidh cuntasacht láidir as torthaí ag croílár an chaoi a n-oibrímid.

**Sa Roinn tabharfaimid isteach:**

- Pléadáláí Shláinte na mBan ag leibhéal an Bhoird Bhainistíochta.
- Foireann feidhmiúcháin Shláinte na mBan chun seachadadh agus maoiniú an phlean seo a chomhbhainistiú agus a chomhordú.

**San FSS déanfaimid:**

- Foireann curtha i bhfeidhm um Sláinte na mBan a thabhairt isteach sa Chlár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán.
- É seo a thacú trí chur chun cinn leanúnach a dhéanamh ar shláinte na mban ag an leibhéal is airde trí oifig an Phríomhoifigigh Oibríochtaí.

**Ar fud na hEarnála:**

- Leanfaimid ag obair lenár ngníomhaireachtaí sláinte agus ag déanamh infheistíochta i gcomhpháirtíochtaí marthanacha mná-lárnacha, go háirithe ár samhail chomhpháirtíochta tríd an Tascfhórsa um Shláinte na mBan.

**Ar fud an Rialtais:**

- Oibreoidimid le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí sóisialta go léir a mbíonn tionchar acu ar shláinte, ag cuimsiú shláinte na mban san obair seo.

**Bainfimid úsáid as foinsí agus modhanna éagsúla chun tuiscint agus monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá ag éirí linn an plean seo a chur i bhfeidhm lena n-áirítear:**

- Na próisis reatha atá ann chun tacú le tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht FSS, lena n-áirítear seachadadh an Phlean Seirbhíse Náisiúnta gach bliain, go háirithe Samhail Rannpháirtíochta na Roinne Sláinte - FSS.
- Athbhreithniú seachtrach rialta trí Thascfhórsa um Shláinte na mBan
- Is féidir tomhais ar thorthaí a nascadh le beartais agus straitéisí ábhartha trí Chreat nua Measúnaithe Feidhmíochta an Chórais Shláinte (HSPA). Leis seo, tá se i gceist táscairí grúpaí daonra a chuimsiú mar chuid d'Fhearainn 'Cothromais' laistigh de bhraisle thrasghearrtha níos leithne den Chreat.

**Tuilleadh eolais**

Léigh faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist againn an plean gníomhaíochta seo a chur i bhfeidhm **anseo**.

**“ Is maith linn a cheapadh go mothaíonn mná níos compordaí na laethanta ag plé saincheisteanna shláinte na mban ach i ndáiríre, mothaíonn go leor mná náirithe fós agus iad ag caint faoi cheisteanna colainne”**

*Bean a d’f’hreastail ar an seimineár gréasáin ‘Menopause at Work’*









# Uaillmhian

## Tiocfaidh feabhas ar an bplean seo torthaí sláinte na mban agus taithí ar chúram sláinte a fheabhsú

Tháinig na céadta guthanna linn chun oibriú ar shláinte na mban ó chuir an Tascfhórsa um Shláinte na mBan tús lena chuid oibre in 2019. Bhí na comhráite seo léiritheach, léirsteanach, dúshlánach, pearsanta agus an-dearfach.

Ní raibh aon dá ghuth ná aon dá thaithí a roinneadh le linn an phróisis seo mar a chéile. Mar sin féin, aontaímid go léir ar chomhspríoc: timpeallacht a chruthú chun tacú le mná tacú lena sláinte ar feadh a saoil.

Ba mhaith linn go mbeadh an chúram ceart ag gach bean, san áit cheart, ag an am ceart, ag teacht le huailmhian iomlán Sláintecare.

### **Ba mhaith linn freisin tacú le cultúr níos láidre san earnáil sláinte:**

- Áit a mbíonn guthanna na mban tábhachtach agus ina ndéantar ionadaíocht orthu sa chinnteoireacht,
- Áit ina ndéantar taighde agus tuiscint ar riachtanais sláinte na mban, agus nach bhfuil aon cheist sláinte toirmiscthe,
- Áit a bhfuil sláinte mhaith na mban mar thosaíocht, agus
- Áit nach ndéantar beag de imní na mban faoina sláinte.

Cé go bhfuil a fhios againn go bhféadfadh tionchar a bheith ag aois, ioncam, gnéasacht, cine, reiligiún, míchumas agus réigiún tíreolaíoch ar do phointe tosaigh comhionannais in Éirinn, déanaimid ár ndícheall a chinntiú nach dtéann tionchar na ndifríochtaí seo i bhfeidhm ar cháilíocht an chúraim a fhaightear san earnáil sláinte – i gcás gach duine.

# Urraíocht

## Tá an plean seo tacaíte ag na leibhéal is airde laistigh den Rialtas, laistigh den earnáil sláinte agus sa tsochaí shibhialta

### Mary Butler TD, Aire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta Aire Stáit

Tá lúcháir orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Phlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan 2022/2023. Tá an plean seo mar thoradh ar thionscadal ilbhliantúil a rinne an Tascfhórsa um Shláinte na mBan agus seachadóidh fíor-athrú do mhna na hÉireann.



I rith 2022, léirigh an Rialtas seo tiomantas suntasach do shláinte na mban, agus tá €31 milliún breise geallta do thorthaí sláinte mhna na hÉireann a fheabhsú. Cinnteoidh an plean seo go ndíreofar maoiniú mar is cú, ar thionscnaimh a dteastaíonn ó mhna agus a dteastaíonn uathu iad a bheith tacaíte. Teastaíonn méid práinne ó ghníomh díreach freagrúil dá leithéid agus is é sin an fáth go dtugann an plean seo tosaíocht do luas mar phríomhghné dá chur chuige. Mairfidh an plean seo ar feadh 18 mí, agus le linn na tréimhse sin déanfaimid na gníomhartha atá leagtha amach anseo a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a chomhlíonadh. Tar éis 18 mí, déanfar an plean a athnuachan. Cinnteoidh an fráma ama seo cur chuige solúbtha, freagrúil agus tuisceanach i leith shláinte na mban, ag díriú ar ghuthanna na mban, ar eispéiris na mban agus é tacaíte ag an bhfianaise is déanaí.

Is cúis áthais ar leith dom go bhfuil béim leagtha sa Phlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan 2022/2023 seo ar an ngá atá le tacaíochtaí láidre meabhairshláinte do mhna agus go neartaíonn sé an obair atá ar siúl sa réimse seo. Tá a fhios againn gur féidir mheabhairshláinte dul i bhfeidhm ar mhna ar bhealach atá difriúil ó inscne eile, agus go mbíonn tionchar suntasach ag na dúshláin a bhaineann le meabhairshláinte imbhreithe, le neamhoird itheacháin agus le freagrachtaí cúraim. Tugann an plean seo tacaíocht láidir don obair leanúnach chun tacaíochtaí meabhairshláinte a fheabhsú do mhna agus do chailíní, rud atá ina phríomhthosaíocht dom féin agus don Rialtas i gcoitinne. A bhfuil lenár n-infheistíocht go dtí seo, tá sainghréasán meabhairshláinte imbhreithe go hiomlán curtha i bhfeidhm ar fud na hÉireann, ag teacht leis an tSamhail Chúraim. Is í an chéad chéim ríthábhachtach eile i dtreo feabhas a chur ar ár sainseirbhísí meabhairshláinte imbhreithe ná forbairt a dhéanamh ar an gcéad Aonad Meabhairshláinte Máithreacha agus Leanbh in Éirinn d'othair chónaithe a bheith lonnaithe in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann. Ina theannta sin, leanann an Rialtas ar aghaidh ag infheistiú i bhfeabhsú seirbhísí neamhord itheacháin. Ó 2016, tá €6.85 milliún san iomlán leithdháilte ar an gClár Cliniciúil Náisiúnta um Neamhoird Itheacháin, rud a déascaigh forbairt sainfhoirne neamhord itheacháin ar fud na tíre. Leanfar leis an infheistíocht seo tar éis 2022 chun a chinntiú go gcuirfear an Clár Cliniciúil Náisiúnta um Neamhoird Itheacháin i gcrích go hiomlán ag teacht leis an tSamhail Chúraim.

Rud atá tábhachtach, tá an Plean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan tiomanta do thacú le cur i bhfeidhm Ceangail ar Feadh an tSaoil: Ár Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú agus Comhfhís, ár mbeartas náisiúnta meabhairshláinte, faoinar bunaíodh Sainghrúpa chun a chinntiú go bhfuil tosaíochtaí agus seirbhísí meabhairshláinte íogair ó thaobh inscne de agus go dtugtar aghaidh go sonrach agus go leordhóthanach ar mheabhairshláinte na mban agus an beartas á chur i bhfeidhm. Díreach mar a d'fhéadfadh deacrachtaí meabhairshláinte a bheith ag mná ag aon chéim dá saoil, admhaítear sa Phlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan 2022/2023 go gcaithfear tacú le gach gné de shláinte na mban ar feadh a saoil. Leagann sé amach tacaíocht d'obair leanúnach maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach lena n-áirítear Múnlaí Cúraim do réamaiteolaíocht, ortaipéidic, tráma, athshlánú agus cúram do dhaoine scothaosta. Cinnteoidh an fócas seo go mbeidh an deis ag mná de gach aois páirt a ghlacadh i gcóras sláinte a bhaineann torthaí agus eispéiris níos fearr amach do mhna ag gach céim dá saoil. Mar is léir ón bPlean seo, táimid tiomanta do chinntiú go leathnaítearna deiseanna seo trasna gach cuid de shochaí na hÉireann lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná ó phobail faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiámh sóisialta, lena n-áirítear mná ón Lucht Siúil agus Romaigh.

## Urraíocht ar lean



### Frank Feighan TD, An tAire Stáit um Shláinte Phoiblí, Folláine agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí

**Tá áthas orm an Plean Gníomhaíochta seo um Shláinte na mBan do 2022/2023 a fhorghníomhú. Tá clár oibre uailmhianach leagtha amach sa phlean seo agus chomh maith le cúrsa chun feabhas suntasach a chur ar eispéiris na mban ar chúram sláinte in Éirinn.**

Agus é bunaithe in 2019, chuir Tascfhórsa um Shláinte na mBan éisteacht le mná in Éirinn ag croílár a chuid oibre. Trí phlé leis na céadta bean, tá an plean seo múnlaith ar thiomantas mná a chumhachtú ina dturas cúram sláinte. Tá a fhios againn cé chomh tábhachtach agus atá sé go mothaíonn mná go bhfuil meas á léiriú orthu, go n-éistear leo agus go bhfuil siad i gceannas a dturas sláinte féin. Leagann an plean seo amach ár ngealltanais go leanfaimid ag éisteacht, ag cur mná san áireamh sa phróiseas go luath agus go minic. Ag tosú in 2022, reáchtálfaimid Seachtain Bhliantúil um Shláinte na mBan, agus thapóidh muid an deis sin chun sos a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh ar a bhfuil baint amach, chomh maith leis na réimsí inar féidir linn feabhsaithe a dhéanamh.

Tógann an tiomantas d'éisteacht seo ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin le pléadálaithe um shláinte na mban, le gairmithe ar fud na seirbhíse sláinte, agus le mná na hÉireann a bhfuil a n-ionchur mar bhonn agus mar thaca ag na gníomhartha go léir atá leagtha amach anseo. Tá tacaíocht ag an bplean seo freisin ón Rialtas, tar éis dó tús áite a thabhairt do shláinte na mban agus €31 milliún a infheistiú in 2022 gan trácht ar aon bhliain eile. Cruthóidh sé seo bonn láidir maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean seo.

Is cúis áthais ar leith dom an bhéim sa phlean seo ar ghníomhaíocht choirp a thabhairt faoi deara, rud a chuireann go mór le sláinte agus le folláine foriomlán. Cruthaíonn an Plean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan maoiniú do chlár do mhná idir 40-60 bliain d'aois trí Spórt Éireann, atá dírithe ar leibhéil ghníomhaíochta choirp i measc an ghrúpa seo a fheabhsú. Feicfear i ngníomhartha eile tacaíocht leanúnach d'iompraíochtaí sláintiúla ar fud mhuintir na tíre trí sheachadadh straitéisí cosúil leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp, Plean Straitéiseach Éire Shláintiúil, Clár Pobail Shláintiúla Sláintecare, an Beartas agus an Plean Gníomhaíochta um Murtall, an Beartas Náisiúnta Spóirt agus Creat an Champais Shláintiúil.

I dteannta le tionscnaimh sláinte agus folláine a chur chun cinn do mhná de gach aois, tá áthas orm go bhfuil tiomantas tábhachtach chun rochtain ar sheirbhísí pobail agus alcóil agus rochtain ar sheirbhísí pobalbhunaithe do mhná a úsáideann drugaí a mhéadú leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan 2022/2023, mar chuid den Straitéis Náisiúnta Drugaí. Tá gealltanais sa phlean freisin seirbhísí sláinte cuimsithe a sholáthar do mhná atá imeallaithe, ag díriú orthu siúd ó phobail faoi mhíbhuntáiste atá i mbaol bochtaineachta agus eisiámh sóisialta, chomh maith le mná den Lucht Siúil agus Romach, agus mná atá gan dídean.

Cinntoidh an fócas seo ar ghrúpaí imeallaithe go gcuirfear gach bean san áireamh agus muid ag tosú isteach i ré nua do shláinte na mban in Éirinn.

## Urraíocht ar lean



### **Anne Rabbitte TD, Aire Stáit le freagracht as Míchumas**

**Tá lúcháir orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Phlean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan 2022/2023. Is cloch mhíle thábhachtach de obair an Rialtais seo é an plean seo, tar éis dúinn gealltanais a thabhairt go bhfeabhsófar torthaí sláinte na mban mar atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas. Comhlíonadh an gealltanais sin le maoiniú €31 milliún i mBuiséad 2022 le haghaidh thionscnaimh sláinte na mban – infheistíocht a mbainfear amach tríd an bplean seo.**

Is garsprioc shuntasach é Plean Gníomhaíochta Sláinte na mBan 2022/2023 freisin de chuid obair Thascfhórsa um Shláinte na mBan, a bunaíodh in 2019 chun torthaí shláinte na mban agus a n-eispéiris ar chúram sláinte in Éirinn a fheabhsú.

Chuir an Tascfhórsa fáilte roimh bhallraíocht trasna an Rialtais, roimh ghrúpaí abhcóideachta um shláinte na mban agus rompu siúd sa phobal míochaine a chaitheann a saol oibre ag tacú le mná agus cailíní ar a dturais sláinte. Mar sin féin, is iad mná na hÉireann ár gcomhpháirtithe is tábhachtaí, ag cuidiú leis an bplean seo a mhúnlú trí phlé leis an Tascfhórsa agus trí insint dúinn cad a oibríonn go maith agus cad is gá a athrú. Leanfar leis an gcur chuige comhpháirtíochta seo agus muid ag bogadh isteach sa chéad chéim eile den chlár seo, i dtreo chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá leagtha amach anseo.

Trí oibriú go hoscailte agus i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara cothóimid cur chuige comhoibríoch, freagrúil i leith shláinte na mban, ag tacú le smaointe nua a thugann aghaidh ar riachtanais shláinte na mban de réir mar a thagann siad chun cinn. Is trínár gClár Nuálaíochta, a chumasóidh anailís ghníomhach, lúfar, foghlaim fheidhmeach agus taighde ar phríomhréimsí agus ar shaincheistanna atá ag teacht chun cinn a fheicfear seo. Oibreoidimid chun ár mbonn fianaise a neartú agus chun tacú le cláir phíolótacha cosúil leo siúd atá tiomnaithe do chabhrú le mná óga dul i ngleic le bainistiú a gcúraim shláinte féin den chéad uair. Coinneoidimid cur chuige oscailte maidir le heolas nua, ag fáiltiú roimh fhoghlaimí ó chomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta ionas go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta agus ina ceannaire domhanda maidir le sláinte na mban.

Tá áthas ar leith orm fáilte a chur roimh an mbéim atá sa phlean seo ar thacú le cuir chuige nua maidir leis an gcaoi a gcuirtear cúram ar fáil agus maidir leis an taithí a bhíonn ag mná ar sheirbhísí sláinte, ag díriú ar mhná atá faoi mhíchumas. Tá an obair seo ríthábhachtach chun a chinntiú, agus muid ag feabhsú seirbhísí sláinte do mhná agus do chailíní, go bhfeabhsaítear eispéiris agus torthaí ar bhonn uilechoiteann, agus go dtugtar tosaíocht do ghrúpaí imeallaithe agus dá gcuid riachtanas.



### **Robert Watt, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte**

**Is léargas comhleanúnach agus cuimsitheach é an plean seo ar an obair a stiúrfaidh an Roinn Sláinte sna 18 mí atá romhainn.**

Tarraingíonn sé guthanna na mban agus guthanna na ndaoine ar an talamh a sholáthraíonn seirbhísí le chéile, agus tacaíthe ag fianaise agus sonraí, tá cad a dhéanfaimid mar fhreagra ar na ceistanna seo leagtha amach ann. Tá bearta soiléire déanta againn cheana féin maidir le sláinte mhná agus chailíní na tíre a fheabhsú. Trí leanúint ag obair sa tslí oscailte agus inrochtana seo, in éineacht lenár sprioc seirbhís sláinte a sholáthar a thacaíonn le torthaí sláinte agus eispéiris sláinte níos fearr do mhná agus ár ngrúpaí daonra go léir in Éirinn a bhaint amach, ar bhealach spriocdhírthe agus inbhraite.

## Urraíocht ar lean



### **Peggy Maguire, Cathaoirleach Thascfhórsa um Shláinte na mBan agus Stiúrthóir ar an Institiúid Eorpach um Shláinte na mBan**

**Mar Chathaoirleach Thascfhórsa um Shláinte na mBan ó bunaíodh é in 2019, tá lúcháir orm an Plean Gníomhaíochta seo a fhorhúiniú agus a urrú.**

Tá an Plean Gníomhaíochta seo ríthábhachtach d'fhonn íogaireacht inscne agus comhionannas a neadú sa tseirbhís sláinte. Tá gníomhaíochtaí lena chinntiú go mbaineann gach bean leas as an gcúram sláinte is fearr is féidir ar feadh a saoil leagtha amach sa phlean. Cuimsíonn se taithí saoil iarbhrí na mban a thug a gcuid aiseolais ar cad atá tábhachtach dóibh. Bhí guthanna na mban ríthábhachtach d'obair an Tascfhórsa agus tá an plean seo fréamhaithe i leanúint ar aghaidh ag éisteacht le mná. Chuala an Tascfhórsa gur príomhréimse ríthábhachtach ag gach céim den saol é an t-eolas agus go bhfuil sé ríthábhachtach maidir le cabhrú le mná aistir chasta lena sláinte a threorú. Tá gníomhaíochtaí chun eolas cruinn iontaoifa a sholáthar do mhná faoina sláinte leagtha amach sa phlean seo. Ina theannta sin, ta conair shoiléir chun torthaí sláinte na mban a fheabhsú ar feadh an tsaol leagtha amach, rud a rachaidh chun tairbhe go mór don tsochaí ar fad. Táim ag tnúth le leanúint ag obair leis an Tascfhórsa chun an plean uailmhianach seo a chur i bhfeidhm chun dul chun cinn do shláinte na mban agus na gcailíní a stiúradh.



### **Anne O'Connor, Príomhoifigeach Oibríochtaí ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Pléadálaí Shláinte na mBan FSS**

**Fáiltím roimh an bplean seo, agus roimh an ngníomhaíocht a leagann sé amach maidir le cad a sholáthroidimid le chéile do shláinte na mban in 2022.**

Tá a fhios againn, cé gur cuid thábhachtach den tsláinte í, nach í sláinte atáirgthe í sláinte iomlán na mban. Táim bródúil as an obair shubstantiúil atá ar siúl cheana féin laistigh den FSS a bhfuil tionchar sonrach aici ar mhná – lena n-áirítear an Clár um Shláinte Ghnéis agus um Thoircheas Géarchéime, an Clár Náisiúnta um Shláinte na mBan agus na Naíonán, agus an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála. Chuir an Plean Gníomhaíochta um Shláinte na mBan agus obair an Tascfhórsa um Shláinte na mBan go mór leis an obair seo, é á nascadh le chéile trí shúile mná a fhaigheann taithí ar ár gcuid seirbhísí mar chuid dá haistear sláinte. Cé go bhfuil gach seirbhís aonair tiomanta do riachtanais othar a chomhlíonadh, cuideoidh an comhthéacs foriomlán seo lena chinntiú go gcoimeádfaimid súil ar a bhfuil i gceist do mhná agus na míreanna seo go léir tógtha le chéile. Tá guth mhná na hÉireann lárnach don chleachtadh Éisteachta Radacaí a rinne an Tascfhórsa, agus tá FSS ina gcomhpháirtí díograiseach maidir leis an guth seo a chuimsiú i ngach gníomhaíocht a dhéanaimid.



### **Rachel Kenna, Príomhoifigeach Altranais - Pléadálaí um Shláinte na mBan RS**

**Mar urlabhraí agus pléadálaí na Roinne Sláinte ar shláinte na mban ag an mbord bainistíochta, tugaim lántacaíocht do chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta seo.**

Tá sé cloiste againn trí obair an Tascfhórsa gur ceist ollmhór í cothromas rochtana agus fáiltím roimh an ngealltanais atá sa phlean dul i ngleic leis an éagothroime sláinte atá ann faoi láthair. Cruthaíonn fócas soiléir an phlean seo deis iontach chun tosaíocht a thabhairt don oideachas agus don luath-idirghabháil ag gach céim chun tionchar ceart a imirt trí mhná agus caillíní a chumasáú agus iad ar a n-aistear sláinte. Is deis é seo chun bogadh i dtreo cur chuige ata níos cumasaithe, níos réamhghníomhaí agus iomlánaíoch maidir le sláinte na mban.

## Urraíocht ar lean



### **An Dr. Peter McKenna - Stiúrthóir Cliniciúil an Chláir Náisiúnta um Shláinte na mBan agus Naíonán**

**Mar aitheantas ar ról an Chláir Náisiúnta um Shláinte na mBan agus Naíonán maidir le bainistiú, eagrú agus seachadadh thionscnamh Sláinte na mBan ar fud na seirbhísí cnáimhseachais, gíniceolaíochta, nua-naíochta, gnéis agus sláinte atáirgthe a stiúradh, táimid inár mbaill agus inár gcomhoibritheoirí gníomhacha ar an Tascfhórsa um Shláinte na mBan ó bunaíodh é.**

Le chéile, tá fíor-athrú seachadta againn do mhná laistigh d’achar ama réasúnta gairid. Ag cur le chur i bhfeidhm leanúnach straitéisí ar nós na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, thacaigh Ciste Shláinte na mBan le FSS dul i ngleic le bearnaí lena n-áirítear leathnú ár soláthar seirbhíse inmheatróise, rochtain mhéadaithe ar ghíniceolaíocht siúlach agus cur chuige nua maidir le cúram meanapáis a stiúradh. Trí leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht, agus tacaíocht bhreise a fháil ó fhoireann thiomanta nuabhunaithe laistigh den FSS chun cur i bhfeidhm a bhrú chun cinn, táimid ag tnúth le níos mó a dhéanamh ar son mhná na hÉireann.



### **Orla O’Connor, Stiúrthóir ar Chomhairle Náisiúnta na mBan**

**Is garsprioc thábhachtach é an Plean Gníomhaíochta seo inár n-aistear i dtreo cúram sláinte atá íogair ó thaobh inscne de agus atá bunaithe ar riachtanais bunaithe ar eispéiris saoil na mban.**

Agus iad ag plé leis an Tascfhórsa, chuir mná agus baill NWCI in iúl go soiléir go bhfuil gá againn le hathrú córais a aithníonn éagsúlacht na riachtanas agus a sholáthraíonn cúram atá bunaithe ar chearta an duine agus atá dírithe ar an duine. Leis an bPlean seo agus an fócas tiomnaithe ar shláinte na mban atá aige, tá deis uathúil againn an fhís seo de chóras cúram sláinte cuimsitheach agus cumasaithe a chur chun cinn. Is é an tasc atá againn anois ná gníomhartha comhtháite agus comhordaithe a bhrú chun cinn a bheidh ina spreagadh rithábhachtach chun fíorathrú a bhaint amach.



### **Suzanne Costello, POF Institiúid Sláinte Poiblí**

**Mar POF ar an Institiúid um Shláinte Phoiblí agus mar bhall den Tascfhórsa, tá ríméad orm fáilte a chur roimh Phlean Gníomhaíochta 2022/2023.**

Go háirithe, fáiltím roimh an aitheantas láidir atá tugtha d’fhachtóirí sóisialta maidir le sláinte, atá lárnach do shláinte na mban, agus do shláinte mhuintir na tíre, agus go bhfuil se seo léirithe sa phlean. Tugann comhtháthú na mbeartas agus na gclár atá ann cheana féin le gníomhartha sonraithe conair shoiléir don chur i bhfeidhm.



### **Noirin O’Herlihy, Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (ICGP)**

**Tá an ICGP ina bhall den Tascfhórsa um Shláinte na mBan agus ina chomhpháirtí gníomhach ina chuid oibre ó bunaíodh é in 2019.**

Chuala an Tascfhórsa ar feadh a chuid oibre go bhfuil caidreamh na mban lena ndochtúir teaglaigh mar phríomhghné dá n-idirghníomhú leis an gcóras sláinte ar feadh céimeanna an tsaoil, ag múnú a n-eispéiris agus ag dul i bhfeidhm orthu Agus é seo san áireamh, fáiltím go háirithe roimh an deis tugtha ag an bplean seo cúram sa phobal do mhná agus do chailíní a chur chun cinn agus a fheabhsú. Trí aghaidh a thabhairt ar shláinte na mban ar fud an tsaoil laistigh den suíomh cúraim príomhúil, bainfidh mná agus cailíní ar fud na tíre leas as cúram feabhsaithe ag an bpointe is gaire agus is coitianta dóibh.



#### **Tuilleadh eolais**

Tá tuilleadh eolais ar bhallaíocht Thascfhórsa um Shláinte na mBan a chuidigh le forbairt an Phlean seo ar fáil [anseo](#)



